


# Dublin Institute for Advanced Studies


## Annual Report 2018

# DIAS

Institiúid Ard-Léinn | Dublin Institute for  
Bhaile Átha Cliath | Advanced Studies

Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath  
Tuairisc Bhliantúil 2018





# Clár

2	Forléargas ar DIAS
6	Ráiteas an Chathaoirligh
12	Ráiteas an Chláraitheora & POF
16	Dialann Imeachtaí
22	Scoil an Léinn Cheiltigh
42	Scoil na Fisice Cosmaí
88	Scoil na Fisice Teoiriciúla
96	An Fhoireann
131	Ráitis Airgeadais

# Contents

2	DIAS at a Glance
7	Chairman's Statement
13	Statement of Registrar & CEO
16	Journal of Engagements
23	School of Celtic Studies
43	School of Cosmic Physics
89	School of Theoretical Physics
96	DIAS Staff
101	Financial Statements

# DIAS AT A GLANCE 2018

## Our Team

### Overview Profile



1. Administration + General Technical Support
2. Research + Specialist Technical Support

### Origin of Researchers



**Note**  
Total number of countries are 22

### Scholars



### Fellows/Project Staff




### Gender



# Our Financial Resources

## Funding Sources



## Funding Expenditure

**€6.731m**

**Oireachtas Grant**  
(Department of Education and Skills)

**€5.2m**

**Other Sources**

## Our Partners

### Island of Ireland Collaborations

- NUIG DIT
- TCD WIT
- UCD AIT
- UCC Irish Astronomical Society
- DCU The Discovery Programme
- NUIM Armagh Planetarium
- RIA National Library of Ireland
- QUB IT Tallaght
- UL IT Tralee



### Individual Research Associates

**45**

**National**

**12**

**International**

### International Research Visitors

**179**

**Research Visitors**  
from

**22**

**Countries**

# DIAS AT A GLANCE 2018

Our International  
Research  
Collaborations\*



## EUROPEAN AND GLOBAL INFRASTRUCTURE PARTICIPATION





# Ráiteas an Chathaoirligh

Tá lúcháir orm gur mise atá ag tabhairt an réamhrá ar Thuarascáil Bhliantúil DIAS arís eile i mbliana. Bliain an-suntasach ab ea 2018 d'Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. Bliain a bhí ann inar tháinig an institiúid le chéile mar aon chun straitéis nua a leagadh amach don todhcháí, dá príomhspriocanna agus dá misin, agus inar bhreathnaigh siar ar an tionchar atá againn, ar bhonn áitiúil agus idirnáisiúnta araon. Bliain a bhí ann ina ndearnadh a lán mhachnaimh agus comóradh tábhachtach, bliain ina tharla athrú agus forbairt ó bhonn.

Níos tábhachtaí fós, seoladh straitéis nua ceithre bliana le haghaidh DIAS i mí na Samhna, agus ag an seoladh sin cuireadh béim den athuair ar an creidiúint dhaingean atá agam go bhfuil an tiomantas seasmhach buan don taighde ar thús cadhnaíochta atá in Éirinn, agus atá ann le fada an lá, go léirithe go breá soiléir in DIAS.

Agus sinn i mbun an straitéis nua againn a chur i bhfeidhm, tá DIAS ag tosú ar an gcéad chéim eile dár bhforbairt ag am a bhfuil an neamhchinnteacht gheopholaitiúil ag dul i méid ar fud an domhain. Tá borradh ag teacht faoin imní atá ann faoi inbhuanaithe an phláinéid seo againne agus tá dúil láidir ann chun tuiscint níos fearr a fháil ar ár gcóras gréine, ar ár nDomhan agus ar na córais nádúrtha a bhaineann leis. Ní raibh gá riamh ann go dtí seo a bhí chomh géar is atá sé anois dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an tuiscint atá againn ar na prionsabail bhunúsacha dár saol.

Anuas ar na saincheisteanna sin, tá coincheap na féiniúlachta agus an tuiscint ar an aimsir atá imithe siar agus ar cé sinn mar dhaoine - cibé acu ar bhonn áitiúil, is é sin a rá ar an oileán seo againne, ar bhonn Eorpach, nó fiú ar bhonn dhomhanda - ag dul chun cinn mar mhórthéama sa dioscúrsa poiblí.

Tá a leithéid de mhórcheisteanna le brath san obair atá déanta ag taighdeoirí den scoth dhomhanda atá ag DIAS sna dtrí Scoil san Institiúid, is iad sin Scoil an Léinn Cheiltigh, Scoil na Fisice Teoiriciúla agus Scoil na Fisice Cosmaí. Cé go bhfeidhmíonn na Scoileanna seo i réimsí éagsúla den chinnteoireacht agus den taithí dhaonna, tá comhchuspóir acu go léir chun na teorainneacha eolais agus tuisceana a leathnú - agus chun an anailís chriticiúil a chothú.

I ndeireadh na dála, neartófar Éire mar ionad don cheannaireacht intleachtúil, don fhiosrúchán criticiúil neamhspleách agus don taighde nuálach ar thús cadhnaíochta leis an obair a dhéanaimid. Tá obair déanta in DIAS - agus leanfar ar aghaidh leis an obair sin - ar na rúin atá le fáil i lámhscríbhinní ársa agus ar na clocha oghaim, ar an mbonn teoiriciúil leis an ríomhaireacht chandamach agus ar na meicníochtaí chun bolcáin agus imeachtaí seisimeacha ar thalamh nó san aigéan a thuar. Chun tacú leis an obair dheiridh sin, táimid tar éis bonneagar seisimeastar éisteachta/breathnóireachta a chur i bhfeidhm ag bun an aigéin amach ón gcósta le déanaí.

Is iondúil go dtagann níos mó ceisteanna, agus fiosracht chun cinn mar gheall ar na bearta a dhéanaimid maidir le rúndiamhracht ár staire, an domhain agus na cruinne. Leanfaimid orainn ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo ar mhaithe le gach aon duine.

<https://www.dias.ie/2018/11/20/dias-launches-ambitious-strategy-to-establish-ireland-as-home-for-intellectual-leadership/>

Ba í 2018 comóradh 75 bliain ón tráth ar tugadh na léachtaí "What is Life?" ["Cad é an Saol?"] de chuid Schrödinger.

I mí Mheán Fómhair rinneadh comóradh 75 bliana den léacht sin a cheiliúradh i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, le comhdháil a tionóladh ann darbh ainm **75 bliana i ndiaidh Schrödinger — Toghcháí na Bitheolaíochta**. Ba í an phríomhaidhm a bhí ag an gcomhdháil sin ná spiorad meon na léachtaí a thug Schrödinger a tharraingt den athuair trí óstáil a dhéanamh ar 6 buaiteoirí duais Nobel chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a bhaineann leis an mBitheolaíocht sa lá atá inniu ann.

# Chairmans Statement

I am delighted to once again provide the introduction to DIAS' Annual Report. 2018 was a year of notable change for the Dublin Institute for Advanced Studies. It was a year where the institute came together to define a new strategy for the future, its key goals and missions in addition to looking back on its local and international impacts. A year of reflection and important anniversaries, a year of evolution and development.

Most importantly a new four-year strategy for DIAS in was launched in November, and at the launch I reiterated my firm belief that DIAS provides a clear demonstration internationally of Ireland's long and continuing commitment to frontier research.

With our new strategy, DIAS is embarking on the next phase of our development at a time of increasing geopolitical uncertainty worldwide. There is growing concern about the sustainability of our planet and a strong desire to understand our solar system, our Earth and its natural systems better. Never before has there been such an imperative for progress in terms of our understanding of the underpinning principles for our existence.

Alongside these issues, the concept of identity and the understanding of our past and ourselves as a people – whether on our own island, as part of Europe or as global citizens – are also growing themes in public discourse.

Such major issues reflect the work conducted by world-leading researchers across our three Schools of Celtic Studies, Theoretical Physics and Cosmic Physics at DIAS. While these Schools operate in different areas of human thought and experience, they have the common purpose of extending the boundaries of knowledge and understanding – and of fostering critical analysis.

Ultimately, our work will strengthen Ireland as a home for intellectual leadership, independent critical enquiry and innovative frontier research. DIAS has worked – and will continue to work – on, the secrets of ancient manuscripts and ogham stones, the theoretical basis for quantum computing and mechanisms forecasting volcanos and seismic events whether on land or in the ocean. To support this latter work we recently launched a major off shore ocean bottom listening/observation seismometer infrastructure.

Our activities in essence often lead to more questions, and curiosity surrounding the mysteries of our history, planet and universe. We will continue to strive to address these questions for the betterment of all.

<https://www.dias.ie/2018/11/20/dias-launches-ambitious-strategy-to-establish-ireland-as-home-for-intellectual-leadership/>

2018 also marked the 75th anniversary of Schrödinger's "What is Life?" lectures.

Pictured is DIAS Chariman Professor Vincent Cunnane with D.G. Yukiya Amano, who is Director General of the International Atomic Energy Agency (IAEA). D.G. Amano visited DIAS in 2018 and gave a lecture.

Sa phictiúr, tá Cathaoirleach DIAS, an tOllamh Vincent Cunnane, i gcuideachta D.G. Yukiya Amano, atá ina Ard-Stiúrthóir ar an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (IAEA). Thug D.G. Amano cuairt ar DIAS in 2018 agus thug sé léacht nuair a bhí sé ann.



## Ráiteas an Chathaoirligh (ar lean)

Ba é an tOllamh Christof Koch a thug an Eochairléacht Schrödinger i mbliana, agus labhair sé ar cad atá ar na bacáin maidir le ceist na comhfheasa. Bhí an-áthas ar DIAS a bheith in ann páirt a ghlacadh ann agus an eochair-réamhrá á thabhairt ag Príomhfheidhmeannach agus Cláraitheoir na heagraíochta, an Dr Eucharía Meehan. Chuir an tOllamh Werner Nahm, Ceann na Fisice Teoiriciúla reatha le deireadh na comhdhála agus labhair sé ar Schrödinger agus na scileanna cumarsáide den scoth a bhí aige.

Ar bhonn inmheánach, rinne DIAS an t-imeacht a phlé i Léacht Reachtúil Phoiblí Scoil na Fisice Teoiriciúla 2018, a thug an tOllamh Terry Rudolph in Acadamh Ríoga na hÉireann. Ghlac an tOllamh Rudolph, garmhac Erwin Schrödinger páirt freisin i searmanas beag sa Little Museum, áit ar thug DIAS an litir ó Francis Crick (an duine a rinne an fhionnachtain, i gcomhar le James Watson, inar tugadh faoi deara an héilics dúbailte, struchtúr dréimire-dúbailte DNA) chuig a sheanathair ar iasacht le taispeáint go poiblí.

Mar chuid den Chomóradh 75 bliain, bhí áthas orainn a bheith mar chuid den chlár faisnéise “Thinking outside the Box” [“Ag féachaint ar rudaí ar bhealach nua”] a craoladh ar RTÉ. Tugadh tús eolais gairid sa chlár faisnéise ar conas a tháinig Schrödinger go hÉirinn agus ar an tionchar a bhí ag an saothar a rinne sé anseo.

<http://www.newdecade.ie/portfolio/schrodinger/>

Agus an deis seo ann le tapú agam, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Luke Drury as an díograis gan staonadh atá aige don institiúid, tar éis dó dul ar scor i mí an Mheithimh 2018. Chuir an tOllamh Drury, a bhí ina Ollamh Sinsearach sa Réaltfhisic le 32 bliain anuas, go mór leis an bplasma-fhisic teoiriciúil.

Tá os cionn 220 páipéar mheasúnaithe foilsithe aige agus is mór an urraim atá ar a chuid oibre, agus breis is 15,000 tagairt déanta air. Thug an tOllamh Drury ceannaireacht do Réaltfhisic DIAS le linn tréimhse dhúshlánach agus chinntigh sé go ndearnadh Réadlann Dhún Since a chothabháil agus a chosaint. Tá borradh tagtha ar an Rannóg mar thoradh ar an gcáil láidir idirnáisiúnta agus an timpeallacht intleachtúil a chothaigh an tOllamh Drury thar na blianta. Mar cheann de na bearta deiridh a rinne sé agus é fós ag feidhmiú mar Cheann na Rannóige, rinne sé a chinntiú gur aithin an European Physical Society (EPS) Réadlann Dhún Since DIAS mar Láithreán Staire de chuid an EPS an 23 Meitheamh. Rinne Mary Mitchell O'Connor TD, an tAire Stáit um Ard-Oideachas, agus an tOllamh Rüdiger Voss, Uachtarán Chumann Fisiciúil na hEorpa, plaic a nochtadh chun an sonrúchán sin a chomóradh.

Agus an tOllamh Drury ag seasamh síos, bhíothas in ann fáilte mhór a chur roimh an Ollamh Peter Gallagher mar Ollamh Sinsearach agus Ceann na Réalteolaíochta agus na Réaltfhisic in DIAS. Tá gairm bheatha láidir ag an Ollamh Gallagher i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chomh maith le ceannaireacht a thabhairt d'fhorbairt an chéad áis réalteolaíochta nuaimseartha in Éirinn, an Irish Low Frequency Array [an Stáisiún Eagair Ísealmhnicíochta Éireannach] (I-LOFAR) ag Caisleán Bhiarra i gCo. Uíbh Fhailí. Tá grúpa gníomhach taighde tugtha chun DIAS ag an Ollamh Gallagher, a dhíríonn ar réimsí na fisice gréine agus na haimsire sa spás. Ní hamháin go bhfuil pleananna uailmhianacha aige maidir leis an rannóg, ach le forbairt Réadlann Dhún Since DIAS chomh maith agus táimid ag súil le dul chun cinn suntasach a bheith bainte amach sna blianta atá amach romhainn.

Méala mór bás an Ollaimh Anders Ahlqvist dúinn, a d'imigh ar shlí na fírinne i mbliana. D'fhóin an tOllamh Ahlqvist mar Chathaoirleach ar Bhord Rialaithe an Léinn Cheiltigh ann ó 2005 i leith. Bhí gairm bheatha den scoth bainte amach ag an Ollamh Ahlqvist, fuair sé PhD i nDún Éideann, caith sé seal in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, agus blianta fada ina dhiaidh sin in OÉ Gaillimh. Ar dheis Dé go raibh a anam uasal.

Agus sinn ag brathrú siar ar 2018, tá roinnt éachtaí suntasacha a sheasann amach dúinn:

Cuireadh **DAIR** (DIAS Access to Institutional Repository) [Rochtain ar Thaisclann Institiúideach DIAS] i mbun, stór institiúideach d'fhoilseacháin taighde, tionscnamh de chuid Leabharlann an Léinn Cheiltigh, ina ndéanfar sárthaispeántas den aschur taighde a dhéanann na hOllúna, an fhoireann agus na scoláirí ar fad san Institiúid. Is éard atá á choimeád sa taisclann ná cóipeanna leictreonacha de pháipéir acadúla, bíodh siad sin réamhphriontaí (páipéar oibre nó leagan de pháipéar a chuirtear isteach le haghaidh piarmheasúnú) nó iarr-phriontaí (an leagan deiridh piarmheasúnaithe, a bhfuiltear tar éis glacadh leis le bheith curtha i gcló) nó ábhar comhchosúil amháil caibidlí leabhair, páipéir chomhdhála, páipéir oibre, tuarascálacha teicniúla agus araile.

**ARIEL** Roghnaigh an ESC spásárthach an Atmospheric Remote-sensing Infrared Exoplanet Large-Survey [an tSuirbhé Mhór Infridhearg Atmaisféarach Ciandbhraiteachta Eiseapláinéid] (ARIEL) i mí an Mhárta 2018 mar an chéad mhisean eolaíochta meánaicmiú eile a bheith aige. Tá sé beartaithe le bheith seolta in 2026. Beidh foireann Réaltfhisic DIAS freagrach as na scoláirí agus scagairí léis uile.

## Chairmans Statement (continued)

In September Trinity College Dublin's commemorated the anniversary with a conference called **Schrödinger at 75—The Future of Biology**. The main aim of the conference was to recapture the spirit of Schrödinger's lectures, in hosting 6 Nobel prize winners to address the burning issues around Biology today.

The Key Note, Schrödinger Lecture of this year was given by Professor Christof Koch, and spoke to the future of consciousness. DIAS was delighted to participate with a Key Note introduction provided by CEO and Registrar Dr Eucharia Meehan. Professor Werner Nahm, the current Head of Theoretical Physics contributing to the closing of the conference and he spoke on Schrödinger and his excellent communication skills.

Internally, DIAS marked the event with the School of Theoretical Physics' 2018 Statutory Public Lecture, which was given by Professor Terry Rudolph at the Royal Irish Academy. Professor Rudolph, the grandson of Erwin Schrödinger also participated in a small ceremony at the Little Museum, where DIAS loaned the letter from Francis Crick (who in partnership with James Watson discovered the double helix, the twisted-ladder structure of DNA) to his grandfather for public display.

As part of the 75th Anniversary we were also delighted to be a part of the "Thinking outside the Box" documentary that aired on RTÉ. The documentary gave a brief introduction as to how Schrödinger ended up in Ireland and the seminal impact of his work here.

<http://www.newdecade.ie/portfolio/schrodinger/>

I will take this opportunity to thank Professor Luke Drury for his tireless dedication to the institute, following his retirement in June of 2018. Professor Drury, a Senior Professor in Astrophysics for 32 years, has made major contributions to theoretical plasma physics. He has published over 220 refereed papers and his work is highly regarded, receiving over 15,000 citations. Professor Drury led DIAS Astrophysics through challenging times and has ensured that Dunsink Observatory has been maintained and protected. The Section has experienced some expansion as a result of the strong international reputation and intellectual environment that Professor Drury has nurtured over the years. One of his last Acts as Head of Section was to ensure that DIAS Dunsink Observatory was identified by the European Physical Society (EPS) as an Historical Site on June 23. A plaque to commemorate the designation was unveiled by Mary Mitchell O'Connor TD, Minister of State for Higher Education, and Professor Rüdiger Voss, President of the European Physical Society.

As Professor Drury, took a step down, we were able to warmly welcome Professor Peter Gallagher as a Senior Professor and Head of Astronomy and Astrophysics to DIAS. Professor Gallagher has had a strong career to date with Trinity College Dublin, as well as heading up the development of Ireland's first major modern astronomy facility, the Irish Low Frequency Array (I-LOFAR) at Birr Castle in Co. Offaly. Professor Gallagher has brought an active research group to DIAS, focusing on the areas of solar physics and space weather.

He has ambitious plans in relation to not only the section, but also the development of DIAS Dunsink Observatory and we look forward to what we hope will be impressive advances in the years to come.

We regret deeply the passing of Professor Anders Ahlqvist, in this year. Professor Ahlqvist served as Chairman of its Governing Board of Celtic Studies from 2005. Professor Ahlqvist had a distinguished career in Celtic Studies, following a PhD at Edinburgh with a spell at Dublin Institute for Advanced Studies, and many years at NUI Galway. Ar dheis Dé go raibh an am uasal.

When we look back at 2018, some notable achievements stand out:

The launch of **DAIR**, (DIAS Access to Institutional Repository), an initiative of the School of Celtic Studies Library, is an institutional repository of research publications which showcases the research output of professors, staff and scholars from across the entire Institute. The repository holds electronic copies of academic papers, which can be either preprints (a working paper or the version of a paper submitted for peer review) or postprints (the final peer reviewed version, which has been accepted for publishing) or similar material such as book chapters, conference papers, working papers, technical reports and so on.

## Ráiteas an Chathaoirligh (ar lean)

Cuibhreannas d'institiúidí Eorpacha atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc, san Iodáil, san Ísiltír, i bPoblacht na Seice, sa Pholainn, sa Bheilg, san Ostair, sa Dhanmhairg, sa Phortaingéil agus in Éirinn a rinne ARIEL a fhorbairt. Treiseofar na nasc idirnáisiúnta atá againn mar gheall air seo, go deimhin, ach go háirithe beimid ag obair go dlúth le hOllscoil Phrág agus leis na Saotharlanna Rutherford Appleton in Oxford, toisc go bhfuilimid i dteannta a chéile freagrach as an optaic choiteann, mar a thugtar air.

**iMARL:** Seoladh iMARL (Insitu Marine Laboratory for geosystems Research) [(Saotharlann Muirí In Situ i gcomhair an Taighde Gheochórais)] an 18 Aibreán i bhfoirgneamh Choimisinéirí Soilse na hÉireann i nDún Laoghaire. Seán Kyne, an tAire Stáit um Ghnóthaí Tuaithe agus Acmhainní Nádurtha, a sheol an Bonneagar náisiúnta seo. Labhair Ard-Stiúrthóir SFI an tOllamh Mark Ferguson agus Stiúrthóir GSI, Koen Verbruggen ag an seoladh freisin. Cuirfidh iMARL breathnuithe díreacha factéarmacha ar an idirghníomhaíocht idir an aigéan agus an Domhan soladach ar fáil. Éascóidh an trealamh an tógáil d'íomhánna réigiúnacha 3T fo-dhromchla, braite i bhfad níos fearr ar chreathanna talún amach ón gcósta, an cumas chun súnáimaithe a bhrath agus geolaíocht an domhain agus na mara a chomhtháthú. Mar thoradh air seo beidh tuiscint níos fearr ann ar conas a idirghníomhaíonn talamh agus duibheagán an domhain lena chéile, i bhfad amach ón gcósta. Rinne Geofisic DIAS an tsaoráid a óstáil agus ba é SFI a rinne í a mhaoiniú, le tacaíocht ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann ([www.imarl.ie](http://www.imarl.ie))

**ESO:** Rinneadh Éire ina comhalta de Réadlann Spáis na hEorpa go hoifigiúil ar an 1 Deireadh Fómhair. D'fhógair an Rialtas go raibh an tOllamh Tom Ray ón DIAS ceaptha mar ionadaí na hÉireann ar Chomhairle ESO.

Mar thoradh air sin, anois tá rochtain againn ar shaoráidí den scoth agus is féidir linn clár a threorú ar ábhair dála fhisic an gháis agus an deannaigh sna réaltra, bhreith na réaltaí agus na bpláinéad, idirghníomhú na ndúpholl le réaltaí coimhthíocha i córais dhérealta, agus an tslí inar cruthaíodh na gcéad réaltraí.

Mar bhuile scoir, thar ceann gach uile dhuine in DIAS, aithnímid obair chrua agus díograis na mball a fhreastalaíonn ar Chomhairle DIAS agus ar bhoird Rialaithe na Scoileanna don fhoireann acadúil ardchaighdeán atá toilteanach a gcuid ama agus saineolais a chur ar leataobh chun cuidiú linn inár n-iarrachtaí. Ár mbuíochas ó chroí as an tacaíocht leanúnach atá faighte uathu. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil lenár gcomhaltaí idirnáisiúnta a thagann anseo cúpla uair sa bhliain go dtí Baile Átha Cliath le haghaidh cruinnithe agus imeachtaí eile.

Leanfaidh DIAS ar aghaidh leis an fhorbairt ar aon dul leis an straitéis nua. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach aon duine a raibh baint acu le DIAS, as an obair taighde ar thús cadhnaíochta atá déanta acu agus as a dtiomantas chun próifíl DIAS a ardú, ar bhonn áitiúil agus náisiúnta, agus go hidirnáisiúnta fiú.

## Chairmans Statement (continued)

**ARIEL** The Atmospheric Remote-sensing Infrared Exoplanet Large-survey (ARIEL) spacecraft was selected by ESA in March 2018 as its next medium-class science mission. It is due for launch in 2026. DIAS Astrophysics will be responsible for all beam splitters and filters. ARIEL has been developed by a consortium of European institutes based in the UK, France, Italy, the Netherlands, the Czech Republic, Poland, Belgium, Austria, Denmark, Portugal as well as Ireland. This, of course, will strengthen our international links but in particular we will be working particularly closely with the University of Prague and the Rutherford Appleton Laboratories in Oxford, as collectively we are responsible for the so-called common optics.

**iMARL:** iMARL (Insitu Marine Laboratory for geosystems Research) was launched on the 18th April in the Commissioners of Irish Lights building in Dun Laoghaire. Seán Kyne, Minister for State of Rural Affairs and Natural Resources, launched this national Infrastructure. SFI Director General Prof Mark Ferguson and GSI Director, Koen Verbruggen also spoke at the launch. iMARL will provide direct long term observations of the interaction between the ocean and solid Earth. The equipment will facilitate the constructing of regional 3D sub-surface images, much improved detection of off-shore earthquakes, the ability to detect tsunamis and the integration of solid earth and marine geoscience. This will lead to a better understanding of how the land and the deep ocean interact with one another, far offshore. The facility hosted by DIAS Geophysics and funded by SFI with support from the Geological Survey, Ireland ([www.imarl.ie](http://www.imarl.ie))

**ESO:** Ireland officially became a member of the European Space Observatory on the 01st October. The Government announced the appointment of Prof Tom Ray from the DIAS as the Irish representative on the ESO Council.

Arising from this, we now have access to world-class facilities and we can lead programmes on such topics as the physics of the gas and dust in our galaxy, the birth of stars and planets, the interaction of black holes with exotic stars in binary systems, and the formation of the first galaxies.


Finally on behalf of DIAS as a whole we recognise the hard work and dedication of the members who serve on the DIAS Council and Governing School boards. To the academics of distinction who are willing to give of their time and expertise to our endeavours. Our sincere gratitude for their continuing support. Also a particular note of thanks to our international members who travel a few times a year to Dublin for meetings and other events.

DIAS will continue to develop on the back of the new strategy. I would like to thank everyone involved at DIAS for not only their frontier research work but their dedication to raising DIAS' profile, locally, nationally and internationally.

# Ráiteas an Chláraitheora & POF

Mar an chéad institiúid ard-léinn san Eoraip, ón tráth ar bunaíodh é go dtí seo, beagnach 80 bliain ó shin, meallann DIAS cuid de na scoláirí is fearr atá ar fáil in Éirinn agus ar fud an domhain; agus déanann sé taighde ar thús cadhnaíochta den scoth a stiúradh agus a fheidhmiú, as a thagann fionnachtana móra san eolaíocht, agus fágann sé sin go léir go bhfuil sé ag baint amach an misean atá aige mar eagraíocht.

Faoin straitéis nua atá againn don tréimhse 2018-2022, táimid chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna móra taighde chun léargas a fháil ar an tSochaí Cheilteach agus ar an oidhreacht atá aici, chun cur leis an tuiscint atá againn ar ár bplainéad féin agus ar an gcruinne iomlán agus chun na prionsabail bhunúsacha atá taobh thiar den nádúr a nochtadh chomh maith. Beifear ag cur leis an oidhreacht shaibhir atá againn leis an straitéis nua atá againn, agus beifear ag lorg réimsí nua spéise leis chomh maith, agus ar an mbealach sin déanfar cinnte de go leanfar leis an DIAS fionnachtana a dhéanamh a mbeidh tionchar acu don chine daonna san fhadtéarma.



DIAS hosted the International Women's Forum (Irish Chapter) at DIAS Dunsink Observatory in Summer 2018.

Reáchtáil DIAS Fóram Idirnáisiúnta na mBan (Caibidil na hÉireann) ag Réadlann Dhún Sinche DIAS i rith an tsamhraidh in 2018.

Tá lúcháir orm a fheiceáil go raibh fás ann in 2018, ní amháin fíon líon Taighdeoirí atá againn, ach sa líon Cuairteoirí Taighde a bhí ann I mbliana chomh maith. Tá súil agam go leanfar leis an treocht seo sna blianta beaga atá amach anseo sna réimsí uile. Baineann an chuid is mó den fhás seo leis an gcáil idirnáisiúnta atá orainn, de bharr nach as Éire iad roinnt mhaith de na Scoláirí agus de na comhaltaí. Amach anseo leagfar béim ar an gcothromaíocht inscne laistigh den institiúid a fheabhsú, agus chun ár gcomhpháirtíochtaí a mhéadú i raon leathan réimsí, chun forfheidhmiú ár straitéise nua a chur chun cinn.

Ní mór tuiscint níos fearr a bheith ann ar na gníomhaíochtaí a dhéanann an DIAS chomh maith leis an tionchar atá aige, agus sin é an fáth go bhfuilimid ag obair lena chinntiú go leanfar ar aghaidh le fás a bheith ag teacht faoin tionchar dearfach atá againn, ní hamháin ar fud an domhain, ach ar gceantar áitiúil chomh maith.

Ní mór go mbeadh an obair iontach agus ceannródaíoch a dhéantar sa DIAS sna disciplíní éagsúla atá ann tiontaithe ina dtionscnaimh eolais ghinearálta ar nós Samhain agus Science [An Eolaíocht], chomh maith le páirt a ghlacadh gach uile bhliain i bhféilte sa cheantar áitiúil agus beidh sé de chuidiú dúinn é sin uile a dhéanamh an sraith de léachtaí poiblí Reachtúla dár gcuid a fhorbairt.

Cuirfear leis na spriocanna atá againn sa réimse seo le forbairt straitéise cumarsáide chomh maith, agus beidh an athnuachan branda atá déanta againn le déanaí le DIAS a chur ar aghaidh mar institiúid chomhtháite.

Beidh gá ann san aonú haois is fiche go mbeadh láithreach cumarsáide láidir i meáin chumarsáide thraidisiúnta chomh maith leis na meáin digiteacha agus na meáin sóisialta.

# Statement of Registrar & CEO

Ever true to its mission since its establishment, almost 80 years ago, as the first institute for advanced studies in Europe, DIAS attracts some of Ireland's and the world's best scholars; and it champions and performs excellent frontier research, leading to major scientific breakthroughs.

Under our new 2018-2022 strategy we will further tackle big research questions to gain insights to Celtic Society and its legacy, to progress our understanding of our planet and the universe and to decipher the underpinning mathematical principles of nature. Our new strategy will build on our rich legacy, as well as pursue new areas of interest, ensuring DIAS will continue to make discoveries that have long-term impact for humankind.

In 2018 I am delighted to see a growth not only in our Researcher numbers, but also in Research visitors. I hope this trend will continue into future years for all sections. The majority of this growth is linked with our international reputation, as many of the new Scholars and fellows are from outside Ireland. A focus going forward will be to enhance the gender balance within the institute, and to increase our partnerships in a broad range of areas, to advance the implementation of our new strategy.

DIAS' activities and impacts must be better understood and so we are working to ensure that our positive contribution continues to grow not just globally but locally. DIAS' fantastic and seminal accomplishments in its various disciplines must become general knowledge initiatives such as Samhain agus Science, in addition to annual participation in local festivals and evolving of our

Statutory public lectures series will aid us in these endeavours.

The development of a communications strategy will further our goals in this area also, and our recent brand refresh will help DIAS move forward as an integrated institution.

The twenty-first century calls for a strong communications presence in traditional as well as digital and social media channels. Our audiences both nationally and globally in these new areas continues to grow.

In 2018 we were honoured to welcome the late DG Yukiya Amano of the International Atomic Energy Agency, who gave a keynote address on "IAEA: Atoms for Peace and Development" as part of his visit to Ireland. DIAS hosted members of the diplomatic corps and guests from the Department of Foreign Affairs and Trade, and a range of other government agencies on that occasion.



Dr Eucharía Meehan speaking at What is Life Conference hosted by Trinity College Dublin in the National Concert Hall in September 2018.

An Dr Eucharía Meehan ag labhairt ag an gComhdháil *What is Life* a d'éagraigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus a reáchtáladh sa Cheoláras Náisiúnta i Meán Fómhair 2018.

## Ráiteas an Chláraitheora & POF (ar lean)

Tá an lucht féachana agus éisteachta atá againn, sa tír seo agus ar fud na cruinne chomh maith, ag fás i gcónaí.

Ba mhór an onóir dúinn in 2018 fáilte a chur roimh DG Yukiya Amano, nach maireann, ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach, a thug eochairléacht ar "IAEA: Atoms for Peace and Development" [An Gníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach: Adaimh don Síocháin agus don Fhorbairt] mar chuid dá chuairt go hÉirinn. Bhí DIAS ina óstach do chomhaltaí den chór taidhleoireachta agus d'áionna ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, chomh maith le roinnt gníomhaireachtaí rialtais eile ar an ócáid sin.

Tugadh na haíonna seo a leanas cuairt orainn le linn 2018 freisin:

- ▶ A Oirce, an Dr Helmut Freudenschuss, Ambasadóir na hOstaire in Éirinn
- ▶ A Oirce, an tUasal Miguel Malfavón, Ambasadóir Mheicsiceo in Éirinn
- ▶ A Oirce, Vijay Thakur Singh, Ambasadóir Phoblacht na hIndia in Éirinn

Chomh fada is a bhaineann le hoideachas sna Scoileanna, ar mhaithe lenár ndisciplíní, ar leibhéal náisiúnta, reáchtáil Scoil na Fisice Teoiriciúla agus Scoil an Léinn Cheiltigh seimineáir i rith na bliana, a raibh idir chainteoirí náisiúnta agus chainteoirí idirnáisiúnta i láthair acu. I rith na tréimhse seo d'fhoilsigh Scoil an Léinn Cheiltigh trí leabhar agus príomh-irisleabhar an Léinn Cheiltigh, Celtica:



DIAS hosted the GENERA Consortium meeting in May 2018.

Reáchtáil DIAS cruinniú Chuibhreannas GENERA i mBealtaine 2018.

Chomh maith leis sin, reáchtáil Scoil na Fisice Cosmaí, na ranna Réalteolaíochta & Réaltfhisice agus Geoifisice léachtaí go rialta.

Cuireadh dlús leis an obair atá ar bun againn le scoileanna freisin. I Meán Fómhair leag SEA SEIS agus Roinn na Geoifisice roinnt seismiméadar ar bhun aigéan an Atlantaigh. Tugadh cuireadh do mhic léinn ó gach chearn d'Éirinn chun páirt a ghlacadh i gcomórtas chun ainm a chuma do na seismiméadair roimh dóibh a bheith imlonnaithe.


Tháinig fás faoi rannpháirtíocht ár scoileanna chomh maith. Chuir SEA SEIS roinnt seismiméadair bun farraige i mbun san Atlantach i mí Mheán Fómhair. Tugadh cuireadh do mhic léinn ó gach chearn d'Éirinn chun páirt a ghlacadh i gcomórtas chun ainm a chuma do na seismiméadair roimh dóibh a bheith imlonnaithe.

Mar fhocal scoir, ba in 2018 a chuaigh Éire isteach mar bhall de Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas (ESO), agus bhí sé sin an-suntasach do na glúnta de thaighdeoirí DIAS a bheidh ann amach anseo, agus do na taighdeoirí Réalteolaíochta agus Réaltfhisice uile in Éirinn. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an Ollamh Tom Ray as a cheapachán mar ionadaí thar cheann na hÉireann ar Chomhairle Eolaíochta an ESO.

Tá tuilleadh eolais faoin obair agus faoi na gníomhaíochtaí spéisiúla atá ar bun ag na Scoileanna le fáil sa tuarascáil seo agus molaim daoibh féachaint ar na rannóga seo.

Táimid ag tnúth go mór le bheith ag obair i gcomhar a chéile libh go léir in 2019, bliain a bheidh chomh táirgiúil agus chomh spéisiúil is mar a bhí i mbliana, le cúnaimh Dé.

## Statement of Registrar & CEO (continued)



Professor Erwin Schrödinger's lecture notes on display at the What is Life Conference, hosted by Trinity College Dublin in the National Concert Hall in September 2018.

Nótaí léachta An tOllamh Erwin Schrödingers ar taispeáint ag an gComhdháil What is Life a d'eagraigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus a reáchtáladh sa Cheoláras Náisiúnta i Meán Fómhair 2018.

We were also in 2018 visited by:

- ▶ His Excellency Dr. Helmut Freudenschuss, Ambassador of Austria to Ireland
- ▶ His Excellency Mr. Miguel Malfavón, Ambassador of Mexico to Ireland
- ▶ Her Excellency Vijay Thakur Singh, Ambassador of the Republic of India to Ireland

In terms of education in the Schools, for the benefit of our disciplines nationally the School of Theoretical Physics and the School of Celtic Studies held seminars over the course of the year, involving both national and international speakers. Celtic Studies in this timeframe published three books and the leading Celtic Studies journal, *Celtica*.

The School of Cosmic Physics, both Astronomy & Astrophysics and Geophysics also held regular lectures.

Our schools engagement also grew. A number of ocean bottom seismometers were deployed in the Atlantic by SEA SEIS in September by DIAS Geophysics. Students from across Ireland were invited to participate in a competition to help name the seismometers before deployment.

Finally 2018 was when Ireland joined the European Southern Observatory (ESO), and this was hugely significant for future generations of DIAS researchers, and for all Irish Astronomy and Astrophysics researchers. I congratulate Professor Tom Ray on his appointment as Ireland's representative on the ESO Scientific Council.

More details on the interesting outputs and activities of the Schools can be found in this report and I strongly encourage you to view those sections.

We look forward to engaging with you all for an equally productive and interesting 2019.

# Journal of Engagements/Dialann Imeachtaí




**January 23rd** Her Excellency Ambassador Vijay Thakur Singh, Ambassador of the Republic of India Embassy of India in Ireland visited DIAS on the 23rd of January as part of a conference hosted by the School of Theoretical Physics titled: **Quantum Physics: Fields, Particles & Information Geometry** is organised in honour of A. P. Balachandran on the occasion of his 80th birthday. (l-r Professor Denjoe O'Connor, Prof. A. P. Balachandran, Ambassador Vijay Thakur Singh, Professor Werner Nahm).

**An 23 Eanáir** A Oirirce an tArd-Ambasadóir Vijay Thakur Singh, Thug Ambasadóir Phoblacht na hIndia in Éirinn cuairt ar DIAS an 23 Eanáir mar chuid de chomhdháil a d'eagraigh Scoil na Fisice Teoiriciúla dar teideal: **An Fhísic Chandamach: Réimsí, Cáithníní & Geoiméadracht na Faisnéise Eagraítear** ar eagraíodh é in onóir A. P. Balachandran chun a 80ú bhreithlá a chomóradh. (ó chlé go deas, an tOllamh Denjoe O'Connor, an tOllamh A. P. Balachandran, an tAmbasadóir Vijay Thakur Singh, an tOllamh Werner Nahm).

**March 15th** Austrian Ambassador, His Excellency Dr. Helmut Freudenschuss visited DIAS, where he met with researchers from each of the Schools and reviewed the legacy of former DIAS Professor, Erwin Schrödinger. (l-r Professor Werner Nahm, Ambassador Dr. Helmut Freudenschuss, Dr Eucharía Meehan, Professor Luke Drury).

**An 15 Márta** Thug Ambasadóir na hOstaire, a Oirirce an Dr. Helmut Freudenschuss cuairt ar DIAS, áit ar bhuaill sé le taighdeoirí ó gach aon cheann de na Scoileanna ann agus rinne sé athbhreithniú ar oidhreacht an iar-Ollamh sa DIAS, Erwin Schrödinger. (ó chlé go deas an tOllamh Werner Nahm, an tAmbasadóir an Dr. Helmut Freudenschuss, an Dr Eucharía Meehan, an tOllamh Luke Drury).



**April 10th** Mr Richard Moat was formally welcomed as a Friend of DIAS. (l-r Professor Dervilla Donnelly & Richard Moat).

**An 10 Aibreán** Tugadh fáilte roimh an Uasal Richard Moat mar Chara de chuid DIAS go foirmeálta. (ó chlé go deas an tOllamh Dervilla Donnelly & Richard Moat).

**December 12th** Forecasting the unpredictable: earthquake science in a crowded world” by Prof. John McCloskey of the University of Edinburgh, organised by DIAS and held in the Schrödinger theatre, Trinity College Dublin on 12 December.

**An 12 Nollaig** Forecasting the unpredictable: earthquake science in a crowded world leis an Oll. John McCloskey ó Ollscoil Dhún Éideann, eagraithe ag DIAS agus reáchtáilte i dtéatar Schrödinger, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar an 12 Nollaig.

## Forecasting the Unpredictable: earthquake science in a crowded world





**June 13th** Schrödinger's grandson, Professor Terry Rudolph, met with Ruairí Ó Cuív, grandson of Éamon de Valera at a special event organised by DIAS in the Little Museum of Dublin. The event took place as part of a year-long programme of DIAS events marking the 75th anniversary of Schrödinger's famous "What is Life?" lecture series.

**An 13 Meitheamh** Bhuaill garmhac Schrödinger, an tOllamh Terry Rudolph, le Ruairí Ó Cuív, garmhac de chuid Éamon de Valera ag ócáid speisialta a d'eagraigh an DIAS i Músaem Beag Bhaile Átha Cliath. Bhí an ócáid mar chuid de chlár bliana d'imeachtaí DIAS chun 75 bliain a chomóradh ón uair ar tugadh an tsraith cháiliúil léachtaí sin de chuid Schrödinger ar a dtugtar 'What is Life?' [Cad é an Saol?].

**June 23rd** Dunsink Observatory was selected by the European Physical Society (EPS) as a site of historical significance primarily in recognition of the genius of Sir William Rowan Hamilton, who lived and worked at Dunsink from 1827 until his death in 1865. (l-r Prof. Luke Drury, Rüdiger Voss (President of the EPS), Mary Mitchell-O'Connor T.D., Prof Vincent Cunnane, Dr Eucharia Meehan, Cllr. Anthony Lavin (Fingal County Council Mayor).

**An 23 Meitheamh** Roghnaigh an European Physical Society [Cumann Fisice na hEorpa] (EPS) Réadlann Dhún Since mar shuíomh a bhfuil tábhacht stairiúil leis, go háirithe mar aitheantas ar an saineolaí An Tiarna William Rowan Hamilton, a mhair agus a d'oibrigh i nDún Since ó 1827 go dtí go bhfuair sé bás in 1865. (ó chlé go deas an tOllamh Luke Drury, Rüdiger Voss (Uachtarán an EPS), Mary Mitchell-O'Connor TD, an tOllamh Vincent Cunnane, an Dr Eucharia Meehan, an Comhairleoir Anthony Lavin (Méara Chomhairle Contae Fhine Gall).



**November 2nd** 'Poetry on the edge: marginal verses in mediaeval Irish manuscripts' was presented by DIAS Senior Professor Liam Breatnach as part of the Tionól conference.


**An 2 Samhain** Thug an tOllamh Sinsearach den DIAS Liam Breatnach, an léacht 'Poetry on the edge: marginal verses in mediaeval Irish manuscripts' ['An Philíocht ar an imeall: rannta imeallacha i lámhscríbhinní meánaoiseacha'] mar chuid den chomhdháil Tionól.



**20 June 2018** Professor Xavier Barcon, President of the European Southern Observatory (ESO), keynote speaker at the 2018 DIAS School of Cosmic Physics Summer School.

**An 20 Meitheamh 2018** An tOllamh Xavier Barcon, Uachtarán na Réadlainne Eorpáí sa Leathsféar Theas (ESO), an príomhchainteoir ag Scoil Samhraidh Fisic Chosmach 2018 DIAS.

## Journal of Engagements/Dialann Imeachtaí (continued)



**July 19th** As part of the Festival of Curiosity, DIAS Dunsink Observatory hosted an event titled "The Moon Cycle". Cyclists travelled by moonlight out from town and along the Royal Canal to the Observatory. There were a number of speakers on the night, and guests had the opportunity to view the moon through a number of historic and more contemporary telescopes.

**An 19 Iúil** Mar chuid den Feistíval of Curiosity [Féile ar an Fhiosracht], bhí Réadlann Dhún Since DIAS ina óstach d'ócáid dar teideal "The Moon Cycle" ["Ciogal na Gealaí"]. Chuaigh rothaithe amach ón mbaile faoi sholas na gealaí cois na Canála Ríoga go dtí an Réadlann. Bhí roinnt cainteoirí ann ar an oíche, agus bhí deis ag aíonna féachaint ar an ngealach le roinnt teileascóip, idir cinn stairiúla agus cinn nua-aimseartha araon.

**July 30th** John Halligan TD, Minister of State for Skills, Training, Innovation, Research and Development, unveiled a plaque to commemorate the contribution of Thomas Grubb to astronomy in Ireland and worldwide. (l-r John Halligan T.D., Dr Eucharía Meehan, Tom Parlon (Construction Federation of Ireland), Professor Tom Ray).

**An 30 Iúil** Rinne John Halligan TD, an tAire Stáit a bhfuil freagracht aige as Scileanna, an Oilúint, an Nuálaíocht, Taighde agus an Fhorbairt, plaic a nochtaidh chun comórath a dhéanamh ar an méid a chuir Thomas Grubb le léann na réalteolaíochta in Éirinn agus ar fud an domhain. (ó chlé go deas John Halligan T.D., an Dr Eucharía Meehan, Tom Parlon (Cónaidhm Foirgníochta na hÉireann), an tOllamh Tom Ray).



**04 October 2018** Festival of History event: Erwin Schrödinger - Ireland's adopted son, Pictured L-R Professor Luke O'Neill (biochemist), Dr Marianne Leitner (mathematician), Mr. Arthur Riordan (playwright), Dr Cormac O'Raifeartaigh (physicist & science historian), Dr Jessamyn Fairfield (physicist & comedian).

**04 Deireadh Fómhair 2018** Imeacht Fhéile na Staire: Erwin Schrödinger - mac altrama na hÉireann, Sa ghrianghraf Clé-Deas An tOllamh Luke O'Neill (bithcheimiceoir), An Dr Marianne Leitner (matamaiticeoir), An tUasal Arthur Riordan (drámadóir), An Dr Cormac O'Raifeartaigh (fisiceoir & staraí eolaíochta), An Dr Jessamyn Fairfield (fisiceoir & fuirseoir).

**October 19th** The Everyone @DIAS day 2018 took place in Dunsink Observatory. This brought all schools and sections together for one day for institutional updates, as well as training.

**An 19 Deireadh Fómhair** Reáchtáladh Lá Do Chuile Dhuine @DIAS 2018 i Réadlann Dhún Since. Tugadh gach aon scoil agus rannóg le chéile ar feadh lá amháin le chun gach aon duine a chur ar an eolas is deireanaí faoin institiúid, agus chun oiliúint a chur ar fáil dóibh chomh maith.





His Excellency Mr. Miguel Malfavón, Ambassador of Mexico to Ireland, visited DIAS on Friday 20th July and met with Dr Eucharía Meehan (Registrar and CEO of DIAS) and Professor Denjoe O'Connor (Senior Professor in the School of Theoretical Physics). He also met Professor Jemal Guven (National University of Mexico) who is visiting the School at the moment.

Thug A Shoilse, an tUasal Miguel Malfavón, Ambasadóir na hÉireann i Meicsiceo, cuairt ar DIAS ar an Aoine, an 20ú Iúil áit ár bhuail sé leis an Dr Eucharía Meehan (Cláraitheoir agus POF DIAS) agus leis an Ollamh Denjoe O'Connor (Ollamh Sinsearach i Scoil na Fisice Teoiriciúla). Chomh maith leis sin, bhuail sé leis an Ollamh Jemal Guven (Ollscoil Náisiúnta Mheicsiceo) atá ar cuairt ar an Scoil i láthair na huaire.

**2018 Publications** The 3 books and 1 journal published by the School of Celtic Studies in 2018.

**Foilseacháin 2018** Na 3 leabhar agus an t-aon iris amháin a d'fhoilsigh Scoil an Léinn Cheiltigh in 2018.



**19 November 2018** DIAS Senior management at the DIAS 2018-2022 Strategy launch in *Cliff Townhouse*.

**19 Samhain 2018** Foireann shinsearach DIAS ag seoladh Straitéis DIAS 2018-2022 sa *Cliff Townhouse*.



Followers: 01 January 2018

**353**

Followers: 31 December 2018

**506**

Follower Growth %

**+43.3%**

Impressions

**56,087**



Followers: 01 January 2018

**0**

Followers: 31 December 2018

**36 (est)**

Follower Growth %

**N/A**

Impressions

**N/A**



Followers: 01 January 2018

**Unknown**

Followers: 31 December 2018

**1,136**

Follower Growth %

**N/A**

Impressions

**937\***



Followers: 01 January 2018

**702 (est)**

Followers: 31 December 2018

**1,206 (est)**

Follower Growth %

**+72%**

Impressions

**547,962**

\*(Jan-Sept numbers estimated based on median of views Oct, Nov, Dec)

\*\* (The Internet Archive used to gauge followers in Nov 2017. An average per month increase was calculated and added to this figure)





**School of Celtic Studies**  
**Scoil an Léinn Cheiltigh**

# Scoil an Léinn Cheiltigh

Cailleadh an tOllamh Anders Ahlqvist, Cathaoirleach Bhord Stiúrtha Scoil an Léinn Cheiltigh i mí Lúnasa. Chaith a bhás tobann scáil mhór ar imeachtaí na Scoile. Ceapadh an tOllamh Ahlqvist ina Chathaoirleach den chéad uair sa bhliain 2005 agus athcheapadh é in 2010 agus arís in 2015. Fear de bhunadh na Fionlainne ab ea é agus bhí meas air mar scoláire i gcéin agus i gcóngar. Is mór a chuir sé leis an Léann Ceilteach agus is sár-Chathaoirleach ar Bhord Stiúrtha na Scoile a bhí ann. Cronófar go mór é.

## I Anders Ahlqvist



## TAIGHDE

Lean Liam Breatnach de bheith ag obair ar Ghraiméar Meán-Ghaeilge agus réitigh sé roinnt páipéar le haghaidh a bhfoilsithe.

Bhí Ruairí Ó hUiginn ag obair ar eagrán den téacs *Oileamhain Chon Culainn agus Oidheadh Chonnlaoidh mheic Con Culainn*, chríochnaigh sé alt ar chomhréir na Gaeilge agus réitigh roinnt léachtaí comhdhála le haghaidh a bhfoilsithe.

Chríochnaigh Barry Lewis dréacht dá eagrán de *Bonedd y Saint*, ginealaigh na naomh Breatnach.

Lean Aoibheann Nic Dhonnchadha dá taighde ar théacsanna leighis de chuid na Nua-Ghaeilge Moiche.

Lean Michelle O Riordan léi ag obair ar leabhar ar fhilíocht pholaitiúil lár na seachtú haoise déag.

Lean Brian Ó Curnáin lena chuid oibre ar ghnéithe éagsúla de shochtheangeolaíocht agus de chanúineolaíocht na Nua-Ghaeilge, monagraf ar Ghaeilge Oirthear na Gaillimhe, agus tras-scríobh agus eagrú ábhair thaifeadta le haghaidh thionscadal GLÓR.

Chuir Mícheál Hoyne bailchríoch ar eagrán de dhánta Sheifín Mhóir, file de chuid na cúigiú haoise déag maille le staidéar ar an aiste filíochta *brúilingeacht*. Tá sé i gceist an saothar seo a chur faoi bhráid Choiste na bhFoilseachán le haghaidh Shraith na Nua-Ghaeilge Moiche in 2019. Choinnigh sé air ag obair ar a eagrán den tráchtas gramadaí IGT III–IV agus chuir sé le Bunachar Filíocht na Scol leis an Dr Katharine Simms. Tá dréacht de *Clóliosta: printing in the Irish language 1571–1871, an attempt at narrative bibliography* réitithe aige in éineacht leis an Ollamh Richard Sharpe ó Ollscoil Oxford. Catalóg mhionsonraithe dhioscúrsach de gach foilseachán a cuireadh i gcló sa Ghaeilge in imeacht trí chéad bliain atá sa saothar seo.

Bronnadh Scoláireacht Uí Dhonnabháin ar Nike Stam agus tháinig sí chun na Scoile i Meán Fómhair 2018. Tá sí ag réiteach ailt ar an dátheangachas sa Luath-Ghaeilge agus ar an gcódmheascadh i dtráchtairacht Mheán-Ghaeilge. Ina cheann sin, tá an tráchtairacht ar Féilire Óengusso atá sa lámhscríbhinn UCD A7 á cur in eagar aici.

Bronnadh Scoláireacht freisin ar Andrea Palandri a tháinig chun na Scoile i Meán Fómhair 2018. Tá sé ag réiteach eagrán agus aistriúcháin de scéal Marco Polo a scríobhadh i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche. Tá aiste ar an ábhar seo curtha faoi bhráid *Celtica* aige. Tá tras-scríobh déanta aige de chúig cinn de leaganacha lámhscríbhinne an dáin *Ris féin is measta Mac Cárthaigh* leis an Giolla Dubh mac Conchubhair Í Dhuinnín, dán nár cuireadh in eagar go dtí seo.

Roimh imeacht di i Mí an Mheithimh le dul i mbun poist iardhochtúireachta in Ollscoil Cambridge, lean Marie-Luise Theurkauf de bheith ag obair ar eagrán de dhinnsheanchas Temair agus ar an dinnsheanchas atá i Leabhar Buí Leacáin.

Bhí Sara Waidler ar déanamh taighde ar 'Stories of Saints: Medieval Irish Hagiographical Anecdota', an príomhthionscadal taighde a bhí idir lámha aici sa Scoil sular imigh sí ag deireadh Mhí Mheán Fómhair le tosú ar phost in Ollscoil Nua-Eabhrac. Tá súil aici an saothar seo a fhoilsiú mar leabhar. Bhí sí ag obair freisin ar alt 'The Medieval Cult of Relics in Wales and the Welsh Perceptions of Relics' agus ar eagrán, tras-scríobh agus aistriúchán de bheathaí Laidine Naomh Dáibhí na Breataine Bige, atá ar fáil i lámhscríbhinní Éireannacha, le haghaidh an tionscadail *Vitae Sanctorum Cambriae: The Latin Lives of the Welsh Saints* atá faoi stiúir Ollscoil Cambridge agus Canolfan Aberystwyth agus atá maoinithe ag AHRC na Breataine.

# School of Celtic Studies

Activities in the School of Celtic Studies were overshadowed by the sudden and untimely death in August of the Chairman of its Governing Board, Professor Anders Ahlqvist. Professor Ahlqvist was first appointed Chair in 2005, being subsequently re-appointed in 2010 and 2015. A native of Finland, he was an internationally respected scholar and teacher who made a significant contribution to Celtic Studies and excelled in his role as Chair of the Governing Board. His loss is keenly felt.

Ruairí Ó hUiginn, Chantal Kobel and Barry Lewis at the launch of *Celtica* 30.

Ruairí Ó hUiginn, Chantal Kobel agus Barry Lewis ag seoladh *Celtica* 30.



## RESEARCH

95. Aab, A., et al., "An Indication of Anisotropy in Arrival Directions of Ultra-high-energy Cosmic Rays through Comparison to the Flux Pattern of Extragalactic Gamma-Ray Sources", *The Astrophysical Journal*, 853, L29, (2018).
96. Aguilar, M., et al., "Observation of New Properties of Secondary Cosmic Rays Lithium, Beryllium, and Boron by the Alpha Magnetic Spectrometer on the International Space Station", *Physical Review Letters*, 120, 021101, (2018).
97. Aharonian, F., et al., "Preface", *International Journal of Modern Physics D*, 27, 1802005, (2018).
98. Nisini, B., et al., "Connection between jets, winds and accretion in T Tauri stars. The X-shooter view", *Astronomy and Astrophysics*, 609, A87, (2018).
99. Roper, Q., et al, "An X-ray expansion and proper motion study of the Magellanic Cloud Supernova Remnant J0509-6731 with the Chandra X-ray observatory", *Monthly Notices of the Royal Astronomical Society*, 479, 1800, (2018).
100. Sasaki, M., "Deep XMM-Newton observations of the northern disc of M 31. I. Source catalogue", *Astronomy & Astrophysics*, 620, 28, (2018).
101. Meeker, S., "DARKNESS: A Microwave Kinetic Inductance Detector integral field spectrograph for high-contrast astronomy", *Publications of the Astronomical Society of the Pacific*, 130:065001, (2018).
102. Caratti o Garatti, A. "Supersize me! Jets from massive young stellar objects", invited review on *Star Formation Newsletter*, 307, July 2018, arXiv:1807.09539
- ### Appendix 2: Conference talks
1. Purser, S. J. D., "A Galactic radio survey of jets from MYSOs: An unobscured insight into massive star formation", *Tracing the Flow: Galactic Environments and the Formation of Massive Stars*, UK, 6th May 2018.
  2. Purser, S. J. D., "Radio jets as a bridge between low and high-mass star formation", *The Olympian Symposium 2018: Gas and stars from milli- to megaparsecs*, Greece, 28th May 2018.
  3. Caratti o Garatti A., "Overview of JWST and its GTO programs on star and planet formation" at "Protoplanetary disks seen through the eyes of new-generation high-resolution instruments", 27th June, Rome, Italy.
  4. Caratti o Garatti A., "First disk-mediated accretion burst from a massive protostar: how accretion turns into ejection", at "Protoplanetary disks seen through the eyes of new-generation high-resolution instruments", 25th June, Rome, Italy.
  5. Garcia Lopez, R., "Observations of outflows and angular momentum transport from the inner to the outer disk" at "Take a closer look", 15-19 Oct 2018, ESO HQ, Garching (Germany).
  6. Garcia Lopez, R., "The inner astronomical units of protoplanetary disks: an interferometric view" at "Protoplanetary disks seen through the eyes of new-generation high-resolution instruments", 25-28 June, Rome, Italy.

## School Of Cosmic Physics (continued)

7. Ulbricht, G., "Thermal Kinetic Inductance Detectors: Highly Multiplexible Micro - Calorimetric Detectors Not Only for X-ray Imaging Spectroscopy", 67th Annual Denver X-Ray Conference, 8th August, Denver Co., USA.
8. Ulbricht, G., "MKIDs and TKIDs: Kinetic Inductance Detectors for anything between X-rays and mid-IR", Quantum Sensors Group seminar, National Institute for Standards and Technologies (NIST), 7th August, Boulder Co., USA.
9. Kavanagh, P. J., "Magnetic field estimates in the 30 Dor C superbubble with Chandra", The Interstellar Medium in the Nearby Universe, 28th March, Bamberg, Germany.
10. Kavanagh, P. J., "Commissioning analysis support tools", JWST MIRI Team Meeting, 7th November, Edinburgh, Scotland.
11. Kavanagh, P. J., "MIRISim: The MIRI Simulator", JWST Astrometry Collaboration Meeting, 16th May, STScI, Baltimore, USA (remote).

# Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

## Geoifisice

### Spríoc 1: Eolas agus léargais nua a fhionnadh trí ardtaighde agus scoláireacht bhunúsach

Le bliain anuas, leathnaíodh gníomhaíochtaí agus comhoibrithe sa rannóg mar aon leis an obair agus comhoibrithe reatha a dhóimhniú agus a láidriú. Tá tacair sonraí iontacha d'fhionnachtana leanúnacha agus sa todhchaí á gcur ar fáil ag feachtais allamuigh nua náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear an t-implonú Ocean Bottom Seismometer (OBS) is mó a rinneadh riamh san Atlantach Oirthuaisceart.

### Breithniú Seismeach Nua

Cuireadh ceithre ghréasáin seismeach nua amach in 2018. Bhí an chéad cheann ar bholcáin Sierra Negra ar Isla Isabela, Galapagos san Eacuadór i gcomhar leis an Institiúid Geoifisice ag EPN in Quito agus Ollscoil Dhún Éideann idir an 17 Aibreán 2018 agus an 4 Bealtaine 2018. Chómhaoinigh NERC, RA agus DIAS an t-implonú faoi thionscadal IGUANA (<https://www.geos.ed.ac.uk/homes/abell5/IGUANA.html>) - féach an grianghraf thíos). Bhrúcht an bolcán i Meitheamh 2018 agus thug sé tacar sonraí seismeach réamhbhrúchtach iontach atá á anailísiú faoi láthair ag ár gcuibhreannas idirnáisiúnta. Is é an aidhm go dtuigimid na rialuithe ar agus na sínithe seismeacha a bhaineann le gluaiseacht mhagma ar an bhfodhromchla, sna huaireanta díreach roimh bhrúchtadh. Is iad Chris Bean/Martin Möllhoff comhceannairí DIAS.

Líonra seismeach mullaigh ardaifeach, nuálaíoch agus 'an chéad cheann dá chineál' a bhí sa dara ceann ar ar tugadh HERSK, ar bholcán Hekla san Íoslainn. Timpeallacht gharbh nach bhfuil mórán cumhachta ann sa gheimhreadh is ea Hekla. Imlonú turgnamhach de chuid DIAS é seo, i gcomhar leis an Icelandic Meteorological Office (IMO), agus léiríonn sé an chéad iarracht chun sonraí fíor-ama a shruthú ón mullach. Is é an aidhm ná réamhtheachtaithe doshéanta le brúchtaí 'tapa' a shainaithint, mar a chonacthas cheana ag Hekla (go hiondúil níos lú ná 50 nóiméad de rabhadh ón gcéad bhrath go dtí brúchtadh iomlán – a chiallaíonn go bhfuil sé an-chontúirteach). Is iad Martin Möllhoff/Chris Bean ceannairí an tionscadail. Tá obair Hekla cómhaoinithe ag GSI/DIAS/An Coimisiún Eorpach/Iceland Met Office.

Is é an tríú ceann imlonnú SEA-SEIS Ocean Bottom Seismometer in Oirthuaisceart an Atlantaigh (<https://sea-seis.ie/>). Airítear leis

an imlonnú iontach seo de chuid pearsanra DIAS de threalamh iMARL (<https://imarl.ie/>) ón RV Celtic Explorer, seismiméadair agus hidreafóin in uiscí na hÉireann, na Breataine agus na hÍoslainne. Táthar ag súil go dtreoróidh sé tuiscint nua teicteonach ar éabhlóidiú Oirthuaisceart an Atlantaigh agus is é an chéad taifeadadh minicíocht íseal ar fhuaimdhreach an aigéin fadtéarma sa réigiún é. Gheofar na hionstraimí ar ais i lár 2020. Roimh imlonnú SEA-SEIS, athchumraíodh stáisiúin Ireland Array le go gcuirfidís ar an mbealach is fearr leis an gclúdach sonraí atá ag teacht chun cinn ón Líonra OBS nua. Is é Chris Bean an PI iMARL le comhordú ó Louise Collins agus ceannaire teicniúil ó Mick Smyth. Is é Sergei Lebedev PI SEA-SEIS. Tá an obair á cómhaoiniú ag SFI/GSI/Foras na Mara.

### Is féidir teacht ar íomhánna SEA-SEIS anseo: <https://sea-seis.ie/photos/>

Tá an ceathrú imlonnú mar chuid de thionscadal PACIFIC, atá á threorú ag Université Grenoble Alpes (UGA) agus DIAS mar chomhpháirtí mór. Is é aidhm an tionscadail modhanna nua a fhorbairt d'íomhánna screimhe éadoimhne trí thonnta coirp seismeacha a bhaint ó na sonraí torainn timpeallacha (ní chaitear aon bhuillí gníomhacha) arna dtaifeadadh ar eagair sheismeacha tiubha. Dúshlán suntasach is ea tonn coirp a bhaint i réimse nua na seismice fulangaí. Imlonnaíodh os cionn 1,000 braiteoir seismeach gearrthréimhse i gCeanada láir ar feadh mí amháin mar chuid den turgnamh agus bhí na torthaí luatha i mbaint toinne coirp an-mhaith. Tá PACIFIC á mhaoiniú ag clár H2020 an Choimisiúin Eorpaigh. Is é Chris Bean ceannaire DIAS agus maoinítear Sergei Lebedev freisin tríd an tionscadal.

### Cás-staidéar le dul chun cinn ar leith

Mar gheall ar anailís ar na sonraí ó Ocean Bottom Seismograph (OBS) píolótach DIAS in 2015

# School Of Cosmic Physics (continued)

## Geophysics

### Goal 1: Discovery of new knowledge and insights through advanced fundamental research and scholarship

The past year has seen an ongoing expansion of activities and collaborations in the section as well as a deepening and strengthening of existing work and collaborations. New national & international field campaigns, including the largest Ocean Bottom Seismometer (OBS) deployment ever undertaken in the N.E. Atlantic are providing exceptional datasets for ongoing and future discoveries.

## New Seismic Observation

Four new seismic networks were deployed in 2018. The first was on Sierra Negra volcano on Isla Isabela, Galapagos in Ecuador in collaboration with the Institute of Geophysics at EPN in Quito and the University of Edinburgh between 17th April 2018 - 4th May 2018. The deployment was jointly funded by NERC, UK and DIAS under the IGUANA project (<https://www.geos.ed.ac.uk/homes/abel15/IGUANA.html>) - see photo below). The volcano erupted in June 2018 yielding an exceptional pre-eruptive seismicity dataset that is currently being analysed by our international consortium. The aim is to understand the controls on and seismic signatures associated with magma movement in the subsurface, in the hours just leading up to an eruption. Chris Bean/Martin Möllhoff are the DIAS co-leads.

The second was an innovative 'first of its kind' high resolution summit seismic network called HERSK, on Hekla volcano, Iceland. Hekla is a very harsh power-starved environment in winter months. This is an experimental deployment by DIAS, in collaboration with the Icelandic Meteorological Office (IMO), and represents the first attempt to stream real time seismic data from the summit (see photo below). The aim is to identify unequivocal precursors to 'fast' eruptions, as previously seen at Hekla (typically less than 50 minutes warning from first detection to full blown eruption – making it extremely dangerous). Martin Möllhoff/Chris Bean are project leads. The Hekla work is co-funded by GSI/DIAS/European Commission/Iceland Met Office.

The third is the SEA-SEIS Ocean Bottom Seismometer (OBS) deployment in the N.E.

Atlantic (<https://sea-seis.ie/>). This exceptional deployment by DIAS personnel of iMARL equipment (<https://imarl.ie/>) from the RV Celtic Explorer, includes seismometers and hydrophones in Irish, British and Icelandic waters. It is expected to lead to a new tectonic understanding of the evolution of the North Eastern Atlantic and is the first long term low frequency ocean soundscape recordings in the region. The instruments will be retrieved in mid-2020. Prior to the SEA-SEIS deployment, the terrestrial Ireland Array stations were reconfigured so as to best complement the forthcoming data coverage from the new OBS network. Chris Bean is the iMARL PI with coordination by Louise Collins and technical lead by Mick Smyth. Sergei Lebedev the SEA-SEIS PI. The work is co-funded by SFI/GSI/Marine Institute.

The fourth deployment is part of PACIFIC project, which is led by Université Grenoble Alpes (UGA) with DIAS as a major partner. The aim of the project is to develop new methods for shallow crustal imagery by extracting seismic body waves from ambient noise data (no active shots fired) recorded on dense seismic arrays. Body wave extraction is a significant challenge in the novel area of passive seismics. Over 1,000 short period seismic sensors were deployed in central Canada for one month as part of the experiment with impressive early results in body wave extraction. PACIFIC is funded by the European Commission H2020 programme. Chris Bean is the DIAS lead with Sergei Lebedev also funded through the project.

## Case study with a particular advance

Analysis of data from the 2015 DIAS pilot Ocean Bottom Seismograph (OBS) deployment led by Dr Florian

## Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

arna threorú ag an Dr Florian Le Pape as DIAS ar fud imeall na scairbhe, siar ó Éirinn, tá tuiscint nua faighte ar bhunús féideartha na dtionnta Love i micriseisme aigéin dhomhanda. Ceist oscailte is ea a mbunús fód ar fud an domhain mar nach léir an chaoi a bhféadfaí iad a ghiniúint trí idirghníomhaíochtaí toinn aigéin le grinneall na farraige. Fuaireamar amach gur féidir le tonnta Love teacht as tiontuithe toinn seismeacha, ó chineálacha toinn seismeacha eile, ag imeall na scairbhe. Rialaitear na tiontuithe seo le deilbheolaíocht na scairbhe agus tiús an dríodair áitiúil [maoinitheoir/comhoibreoir]: SFI, GFZ Potsdam, Foras na Mara.

Bhí seisméolaithe DIAS mar chuid de staidéar inar thángthas ar chonair faoin nGraonlainn áit a bhfuil an pláta teicteonach tanaí de ghnáth (Steinberger, B., Bredow, E., Lebedev, S., Schaeffer, A. agus Torsvik, T.H., Nature Geoscience, 2019). Is dócha gur chruthaigh Cleitín Bolcáin te na hÍoslainne é agus an Ghraonlainn ag imeacht le sruth

os a chionn, ansin threoraigh sé sreabhadh domhain ábhar maintlín, a réitíonn an mhistéir fadmarthanach faoin gcaoi go bhféadfadh foinse amháin de charraig the (Cleitín Bolcáin na hÍoslainne) bheith ina chúis le brúchtaí ag an am céanna ar chóstaí thoir agus thiar na Graonlainne. Trí tháta, tá bunús Chlochán an Afir agus bolcánachas Pailéigéineach eile i dtír agus amach ó chósta na hÉireann cosúil – sreabhadh na carraige te ón Íoslainn faoi threoir topagrafaíocht ag íochtar an phláta teicteonaigh.

Cruthaíodh físeán lucht féachana a bhfuil tóir air mar thionlacan leis an bpáipéar: <https://www.youtube.com/watch?v=hLGp6lRaSs0>

### Obair Leictreamaighnéadach (EM)

Bhí bliain an-ghníomhach ag an ngrúpa EM. Chomhordaigh an Dr Duygu gníomhaíochtaí foriomlána na foirne. Tá an grúpa ag oibriú i dtír réimse (i) modhanna cónasctha íomháithe nua a fhorbairt

chun tuiscint níos fearr a fháil ar struchtúir gheolaíocha faoi Éirinn – i gcomhair múnú teicteonach agus saintréithriú acmhainne (ii) feidhmiú na modhanna MagnetoTellutic d'íomháu bolcáin a thiomáint agus (iii) comhoibriú ar obair aimsire Spáis, le rannóg Réalteolaíochta agus Réaltfhisice TCD/DIAS. Fuarthas sonraí MT nua ar fud na hÉireann (Gaillimh, Maigh Eo, Sligeach, An Mhí, Cill Mhantáin, Lú agus Loch Garman), go príomha ba é Colin Hogg a fuair iad fad is a fuair an Dr Kiyon obair dhírthe ar eolas struchtúrach éadomhain i gceantar na Mí, timpeall ar mhianach Boliden na Teamhrach. Anuas air sin, cuireadh dhá chéim de bhailiú sonraí maigneatóteallúrach fadtréimhse i dTuaisceart Éireann mar chuid de thionscadal taighde maoinithe gearrghairme GSI ar an Space Weather Electromagnetic Database for Ireland (SWEMDI), i gcomhar le rannóg Réalteolaíochta agus Réaltfhisice TCD/DIAS. Fuarthas tacar sonraí MT fadtréimhse breise in Iardheisceart Éireann is féidir a úsáid do chomhoibriú Aimsir Spáis agus d'íomháu domhain. Chuir an Dr Kiyon torthaí íomháithe ó gceann deiridh i láthair ag Cruinniú Fómhair AGU 2018, ar an 12 Nollaig, Washington, USA.

Ar leithligh, rinneadh suirbhé píolótach Maigneatóteallúrach freisin i gcomhar le ISTERre, an Fhrainc, ag díriú ar shaintréithriú geofisiceach de chrios fabhtaí gníomhach seismeach (Vuache) in Annect, an Fhrainc le díriú ar ainiseatrópacht leictreach a bhaineann le saithí seismeacha. Rinneadh suirbhé MT eile ar scála mór ag leanúint le taighde seanbhunaithe i saintréithriú geoleictreach ar Furnas agus Bolcán Fogo, São Miguel, Azores. Tugadh faoi athphróiseáil nua sonraí tar éis cóid phróiseála á roinnt ag an Ollamh Martyn Unsworth (Ollscoil Alberta, Ceanada), a thug cuairt ar ghrúpa DIAS EM in 2018. Tá an obair seo ag tabhairt léiriú ar éifeachtúlacht na modheolaíochta seo ag mapáil

Installing DIAS equipment at Sierra Negra Volcano, Isabella Island, Galapagos (Martin Möllhoff and David Craig (in Green above), led the DIAS field work.

Trealamh DIAS á shuiteáil ag Bolcán Sierra Negra, Oileán Isabella, Galapagos (Martin Möllhoff agus David Craig (i nGlas thuas), a threoraigh obair allamuigh DIAS.



## School Of Cosmic Physics (continued)

Le Pape of DIAS across the shelf edge, west of Ireland, has led to a new understanding of the possible origins of Love waves in global ocean microseisms. Their origin worldwide is still an open question as it is unclear how they might be generated through ocean wave interactions with sea floor. We have discovered that Love waves can emanate from seismic wave conversions, from other seismic wave types, at the shelf edge. These conversions are controlled by the morphology of the shelf and the local sediment thickness [funder/collaborator]: SFI, GFZ Potsdam, Marine Institute.

DIAS seismologists were part of a study that discovered a corridor beneath Greenland where the tectonic plate is unusually thin (Steinberger, B., Bredow, E., Lebedev, S., Schaeffer, A. and Torsvik, T.H., Nature Geoscience, 2019). Probably created by the hot Iceland Plume as Greenland drifted across it, it then guided the deep flow of hot mantle material through it, which solves a long-standing mystery of how a single source of hot rock (the Iceland Plume) could cause simultaneous eruptions on Greenland's eastern and western coasts. By inference, the origin of the Giant's Causeway and other Paleogene volcanism on- and off-shore Ireland are likely similar – the flow of hot rock from Iceland guided by topography at the bottom of the tectonic plate.

A popular-audience video has been created to accompany the paper: <https://www.youtube.com/watch?v=hLGp6lRaSs0>

### Electro-Magnetic (EM) work

The EM group had a very active year. Dr Duygu Kiyán coordinated the team's overall activities. The group is working in three areas (i) developing new combined imaging methods for a better



DIAS installation at Galapagos. Picture shows power sources for ground tilt meter and seismometer (buried beneath the disturbed ground to the right). Batteries and data logger are protected from wild boar beneath the solar panels (panel tilt angles clearly show that we are on the equator).

Suiteáil DIAS ag Galápagos. Taispeántar sa phictiúr foinsí cumhachta do mhéadar claonta agus seismiméadar talún (curtha faoin talamh suaite ar dheis). Cosnaítear cadhnaí agus logálaí sonraí ó thorc fiáin faoi na painéil ghréine (taispeánann uilleannacha claonta na bpainéal go soiléir go bhfuilimid ar an meánchiorcal).

understanding of deep geological structures beneath Ireland – for tectonic modelling and resource characterisation (ii) driving the application of MagnetoTelluric methods for volcano imagery and (iii) collaborating on Space weather work, with TCD/DIAS Astronomy & Astrophysics section. New MT data were acquired throughout Ireland (Galway, Mayo, Sligo, Meath, Wicklow, Louth, and Wexford), primarily by Colin Hogg whilst targeted work for shallow structural information was acquired by Dr Kiyán in the Meath area, around Boliden-Tara mine. In addition two phases of long-period magnetotelluric data collection were completed in Northern Ireland as part of the GSI short-call funded research project on Space Weather Electromagnetic Database for Ireland (SWEMDI), in collaboration with TCD/DIAS Astronomy & Astrophysics section. An additional long period MT dataset was acquired in SW Ireland which

can be used for both the Space Weather collaboration and for deep imaging. New imaging results from the latter were presented at the AGU 2018 Fall Meeting, December 12th, Washington DC, USA by Dr Kiyán.

Separately, a pilot Magnetotelluric survey was also carried out in collaboration with ISTERre, France, targeting geophysical characterisation of a seismically active fault zone (Vuache) in Annecy, France with a focus on electric anisotropy related to seismic swarms. A further large scale MT survey was carried out continuing long-standing research into the geoelectrical characterisation of Furnas and Fogo Volcano, São Miguel, Azores. New re-processing of data were undertaken following the sharing of processing codes from Prof. Martyn Unsworth (University of Alberta, Canada), who visited the DIAS EM group in 2018. This work is demonstrating the efficacy of this methodology at

## Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

an chórais hidriteirmigh i réigiúin bholcánacha. Tá ríthábhacht le córais hidriteirmeacha sa timthriall bhrúchtach agus le haghaidh acmhainní fuinnimh in-athnuaite.

Leanadh le taighde i modheolaíocht íomháithe geoifisiceach le maignéatóteallúrach ag díriú ar maignéatóteallúrach (MT) 'foinse-rialaithe' agus forbairt uirlisí chun sonraí torannacha a anailísiú agus a phróiseáil. Tá an obair seo ar siúl i gcomhar le hOllscoil Strasbourg.

Leanadh le léirmhíniú agus próiseáil sonraí maighnéadach satailíte Saithe, faoin tionscadal arna mhaoiniú ag ESA '3D Earth - A Dynamic Living Planet'. Tá bogearraí á bhforbairt ag an Ollamh Zdenek Martinec chun réadlanna fíorúla (VONNA) a ríomh agus anailís Slepian mar chéim réitithe don iarratas ar thairiscint ESA chun VONNA a tháirgeadh di gach sonraí Saithe Satailíte agus CHAMP.

### Deontais/Dámhachtainí

- ▶ **Ship Time Award** ó Fhoras na Mara: PI; S. Lebedev, the Celtic Explorer, 16 MF – 6 DF 2019.
- ▶ **Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann** (deontas ghairm ghearr): Co-PIs; P. Arroucau, S. Lebedev, C. Bean, Determining a new earthquake local magnitude scale for Ireland. (Uimhir thag. 2017-SC-046.). Samhain 2017 – Deireadh Fómhair 2018. €24,970.
- ▶ **Glencore Zinc Ireland/BRG:** Co-PIs, C.Hogg D. Kiyon, V. Rath. €147,600
- ▶ **An Coimisiún Eorpach H2020** - Gníomh Taighde agus Nuálaíochta Ainm an tionscadail: PACIFIC; treoir DIAS, Bean. (€871,636)
- ▶ **Cómhaoiniú ón gCoimisiún Eorpach** – geothermica: Ainm an tionscadail: GeoUrban; ceannaire DIAS, Bean. (€63,250)



DIAS cables and other infrastructure on their way to the top on Hekla Volcano, Iceland (on May 15th 2018). The work is led by DIAS and part-funded through a GSI short call on volcano Hazard. Local Collaborator, Iceland Met Office.

Cáblaí DIAS agus bonneagar eile ar a mbealach chuig barr Bholcán Hekla, An Íoslainn (an 15 Bealtaine 2018). Tá an obair seo á threorú ag DIAS agus á maoiniú i bpáirt trí ghairm ghairid GSI ar Ghuais bholcáin. Comhoibrí Áitiúil, Iceland Met Office.

- ▶ **Cómhaoiniú ón gCoimisiún Eorpach** – geothermica: Ainm an tionscadail: COSEISMIQ; ceannaire DIAS, Bean. (€224,958)

### Spríoc 2: Idirnáisiúnú ár dtaighde agus comhoibríthe

Bunaíodh roinnt comhoibríthe nua le bliain anuas.

#### 3D EARTH

Lean DIAS ag cuidiú le cuibhreannas "3D Earth" ESA. Tá comhpháirtithe DIAS anois ag eagrú Cruinniú Eolaíocht Domhan 3T, an phríomh-chomhdháil den mhórtionscadal seo, ag DIAS, le réachtáil idir 12-14 Márta, 2019. [Maoinitheoir: ESA].

#### INSN

Trí obair forbartha ag an INSN, chuaigh DIAS ar ais san International Seismological Centre (ISC). Le 9 mbliana anuas, ba í Éire an t-aon

tír in Iarthar na hEorpa nach raibh ballraíocht ISC aici.

### ÍOMHÁÚ FO-BHASALT

Foirmíodh comhoibrí nua idir an tOllamh Satish Singh ag an Global Physics Institute i bPáras (IPG Paris). Dirítear ar íomháu seismeach faoi charrageacha ilchineálacha basailt le hInbhéartú Tonnchrutha Iomlán (FWI). Cuirfidh an Dr Gaurav Tomar as DIAS na torthaí tosaigh i láthair i mí Feabhra 2018 ag an IISER Pune, an India.

### H2020 - AN tAIGÉAN CHIÚIN

Comhoibrí mór nua idirnáisiúnta is ea tionscadal EU H2020 PACIFIC ar Íomháu Seismeach Fulangach ina bhfuil Geoifisic DIAS ina chomhpháirtí mór. Réachtálfar seisiún Cruinniú Bliantúil agus Teicniúil an tionscadail in DIAS ón 14-16 Bealtaine 2018.

## School Of Cosmic Physics (continued)

mapping the hydro-thermal system in volcanic regions. Hydrothermal systems are of key importance in the eruptive cycle and also for renewable energy resources.

Research into geophysical imaging methodology using magnetotellurics continued with a focus on 'controlled-source' magnetotellurics (MT) and the development of tools for analysis and processing of noisy data. This work is in collaboration with the University of Strasbourg.

Interpretation and processing of the Swarm satellite magnetic data has continued, under the ESA funded project '3D Earth - A Dynamic Living Planet'. Prof. Zdenek Martinec is developing new software for calculating virtual observatories (VOs) and Slepian analysis as a preparation step for the application for an ESA tender to produce VOs for all Satellite Swarm and CHAMP data.

### Grants/Awards

- ▶ **Ship Time Award** from the Marine Institute: PI; *S. Lebedev*, the Celtic Explorer, 16 Sept – 6 October 2019.
- ▶ **Geological Survey of Ireland** (Short call grant): Co-PIs; *P. Arroucau*, *S. Lebedev*, *C. Bean*, Determining a new earthquake local magnitude scale for Ireland. (Ref number 2017-SC-046.). November 2017 – October 2018. €24,970.
- ▶ **Glencore Zinc Ireland/BRG:** Co-PIs, *C. Hogg*, *D. Kiyani*, *V. Rath*, €147,600
- ▶ **European Commission H2020** - Research & Innovation Action. Project name: PACIFIC; DIAS lead, Bean (€871,636)

- ▶ **European Commission Cofund** - geothermica: Project name: GeoUrban; DIAS lead, Bean (€63,250)

- ▶ **European Commission Cofund** - geothermica: Project name: COSEISMIQ; DIAS lead, Bean (€224,958)

### Goal 2: Internationalisation of our research and collaborations

A number of new external collaborations have been established in the last year.

#### 3D EARTH

DIAS continued making key contributions to the ESA "3D Earth" consortium. The DIAS partners are now organising the 3D Earth Science Meeting, the main conference of this major project, at DIAS, to take place 12th-14th March, 2019. [Funder: ESA].

#### INSN

Through the development work at the INSN, DIAS rejoined the International Seismological Centre (ISC). Over the past 9 years Ireland was the only country in Western Europe not to hold ISC membership.

#### SUB-BASALT IMAGING

A new collaboration has been formed with Professor Satish Singh at the Global Physics Institute in Paris (IPG Paris). The focus is on seismic imaging below heterogeneous basalt rocks using Full Waveform Inversion (FWI). Initial results will be presented in February 2018 at the IISER Pune, India, by Dr Gaurav Tomar of DIAS.

#### H2020 - PACIFIC

A major new international collaboration is the EU H2020 PACIFIC project on Passive Seismic Imaging in which DIAS Geophysics is a major partner. The project Annual Meeting & Technical session

will take place at DIAS on May 14th-16th 2018.

#### H2020 - EUROVOLC

Eurovolc is currently the largest European Volcano consortium, funded through EU H2020. DIAS is a founding partner and is responsible for the cross cutting theme 'Sub-Surface processes'. DIAS researchers will attend the Eurovolc Annual Project Meeting in the Azores from the 18th – 21st February 2019.

#### EM VOLCANO IMAGING

The ongoing, fundamental research into the geoelectrical characterisation of Furnas volcano (Azores, Portugal) has led to the development of a new project for the adjacent volcano, Fogo. The DIAS EM Group-led project has a strong international collaboration with the University of Azores, ISTERRE (France) and the University of Cologne (Germany). [Funder: DIAS EM group]

#### IGUANA

IGUANA is a new joint University of Edinburgh, Instituto Geofisico at the Escuela Politecnica Nacional (IGEPN) and DIAS project, on Sierra Negra volcano in the Galapagos, Ecuador. DIAS seismic, accelerometer and tilt stations were installed in Spring 2018, but the first service run was urgently brought forward after the volcano erupted on June 26th. Recent additional collaborators include Penn State, in the US. This project is attracting significant international interest in terms of collaboration requests. [Funder NERC/DIAS/IGEPN/PENN STATE]

#### EU GEO-URBAN

The EU GEO-URBAN has two sister sites, one in Ireland and one in Spain. This has led to new research collaborations within an international consortium that includes DIAS Universitat

# Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

## H2020 - EUROVOLC

Is é Eurovolc an cuibhreannas Bolcáin Eorpaigh is mó faoi láthair, arna mhaoiniú trí EU H2020. Comhpháirtí bunaidh is ea DIAS agus tá siad freagrach as an téama leathan 'Próisis Fo-dhromchla'. Freastalóidh taighdeoirí DIAS ar Chruinniú Bliantúil Tionscadail Eurovolc sna hAsóir ón 18-21 Feabhra 2019.

## ÍOMHÁÚ BOLCÁIN EM

Mar gheall ar an taighde leanúnach, bhunúsach ar shaintréithriú bholcáin Furnas (sna hAsóir an Phortaingéil) tá tionscadal nua forbartha don bholcán in aice láimhe, Fogo. Tá comhoibriú idirnáisiúnta láidir ag an tionscadal faoi threoir Ghrúpa EM DIAS le University of Azores, ISTERRE (An Fhrainc) agus University of Cologne (An Ghearmáin). [Maoinitheoir: Grúpa EM DIAS]

## IGUANA

Tionscadal nua idir University of Edinburgh, Instituto Geofísico agus Escuela Politécnica Nacional (IGEPN) agus DIAS is ea IGUANA, ar bholcán Sierra Negra sna Galapagos, Eacuadór. Suiteáladh stáisiún sheismeacha, luasaire agus chlaonta DIAS in Earrach 2018, ach tugadh chun cinn an chéad rith seirbhíse go práinneach tar éis don bholcán pléascadh ar an 26 Meitheamh. Áirítear i measc comhoibritheoirí breise le déanaí Penn State, i SAM. Tá suim shuntasach idirnáisiúnta á tarraingt ag an tionscadal seo i dtéarmaí iarratais chomhoibrithe. [maoinitheoir NERC/DIAS/IGEPN/PENN STATE]

## EU GEO-URBAN

Tá dhá chomhshuíomh ag EU GEO-URBAN, ceann in Éirinn agus ceann sa Spáinn. Dá bharr seo, tá comhoibrithe nua taighde tarlaithe le cuibhreannas idirnáisiúnta ina n-áirítear DIAS Universitat de Barcelona agus an Istitut Cartografico de Catalunya [Maoinitheoir: Comhchiste EU/Geothermica]

## HERSK

Rinneadh obair allamuigh do thionscadal HERSK i Meitheamh agus Meán Fómhair i gcomhar le hoifig Met na hÍoslainne (IMO) agus le British Geological Survey (BGS). Suiteáladh líonra de shé sheismiméadar leathanbhanda i gcoinníollacha uafásacha. Sruthaíonn na sonraí ón líonra i mbeagnach fíor-am chuig IMO agus DIAS [Maoinitheoir: GSI Short call/DIAS/Icelandic Met Office]

## HYDROSLIDE

Chuir grúpa Taighde EM tús le comhoibriú nua leis an University of Strasbourg i dtionscadal taighde mar chuid de HYDROSLIDE, arna mhaoiniú ag an French Research Agency (ANR), ar shaintréithriú agus monatóireacht ar thaiscumair uisce agus sciorradh talún. Tá Scoláire lardhochtúireachta DIAS an Dr Robert Delhaye ag glacadh páirte faoi láthair i suirbhé monatóireachta geofisiceach in Pégairrolles-de-l'Escalette, i ndeisceart na Fraince. Breiseoidh an comhoibriú nua seo ár gcuid eolais ar an dearadh suirbhé don geofisic EM agadheighilte. Tá sé mar aidhm ag an ngrúpa EM an t-eolas seo a chur i bhfeidhm ar thaighde lonnaithe in Éirinn ar screamhuisce agus staidéar geoghuaise.

## Príomhionad Tristan da Cunha

Tá DIAS mar chuid de chomhoibriú nua le staidéar a dhéanamh ar Phríomhionad Tristan da Cunha san Atlantach Theas le seismiméadair ar ghrinneall na farraige: Áirítear i measc na gcomhpháirtithe an Alfred Wegener Institute (AWI); Helmholtz Centre for Polar Research, Bremerhaven, An Ghearmáin; University of Bremen, An Ghearmáin; GEOMAR, An Ghearmáin; GFZ Postdam; Earthquake Research Institute, University of Tokyo, An tSeapáin

## Ócáidí idirnáisiúnta ilchineálacha EILE; bail de phainéil etc...

### Eagraíochtaí cruinnithe:

- ▶ Bhí Sergei Lebedev ina chomh-thionólaí ar an seisiún "What lies beneath? Seismic tomography from crust to core" ag Comhthionól Ginearálta an European Geosciences Union (EGU) i Vín, an Ostair, 9-13 Aibreán 2018.
- ▶ Bhí Chris Bean ina chomh-thionólaí ar an seisiún "Ambient seismic noise techniques: sources, monitoring, and imaging" ag Comhthionól Ginearálta an European Geosciences Union (EGU) i Vín, an Ostair, 9-13 Aibreán 2018.
- ▶ Bhí V. Rath ina chomh-thionólaí ar an seisiún "Geophysical Imaging of Volcanoes" agus bhí sé ina chathaoirleach ar an seisiún ó bhéal de Íomhá EM. Muon ag Comhthionól Ginearálta an European Geosciences Union (EGU) i Vín, an Ostair, 9-13 Aibreán 2018.
- ▶ Bhí Sergei Lebedev ina chomh-thionólaí de thrí sheisiún ag an European Seismological Commission i Málta, Meán Fómhair 2018.
- ▶ Bhí Chris Bean ina chomh-thionólaí de sheisiún ag an European Seismological Commission i Málta, Meán Fómhair 2018.
- ▶ Bhí Chris Bean ina chomh-thionólaí de sheisiún ag an gcrúinniú Cities on Volcanoes i Napoli, Meán Fómhair 2018.
- ▶ Fóram taighde DIAS arna réachtáil ar (Clare Horan), 11 Bealtaine 2018.

Ballraíocht ar phainéil, láithreoireachtaí nach ag comhdhálacha iad agus cainteanna nua idirnáisiúnta

## School Of Cosmic Physics (continued)

de Barcelona and the Istituto Cartografico de Catalunya [Funder: EU/Geothermica cofund]

### HERSK

Fieldwork for the HERSK project was carried out in June and September in collaboration with the Icelandic Met office (IMO) and the British Geological Survey (BGS). A network of six broadband seismometers was successfully installed in extreme conditions. The data from the network stream in quasi real-time to IMO and DIAS [Funder: GSI Short call/DIAS/Icelandic Met Office]

### HYDROSLIDE

The EM Research group started a new collaboration with University of Strasbourg in a research project as part of HYDROSLIDE, funded by the French Research Agency (ANR), on the characterisation and monitoring of water reservoirs and landslides. DIAS Post-doctoral Scholar Dr Robert Delhaye is currently taking part in the geophysical monitoring survey in Pégairolles-de-l'Escalette, South France. This new collaboration will enhance our knowledge on the survey design for time-lapse EM geophysics. The EM group aims to apply this knowledge to Ireland-based research on groundwater and geohazard studies.

### Tristan da Cunha Hotspot

DIAS is part of the new collaboration to study of the Tristan da Cunha Hotspot in the South Atlantic using ocean-bottom seismometers: Partners include the Alfred Wegener Institute (AWI); Helmholtz Centre for Polar Research, Bremerhaven, Germany; University of Bremen, Germany; GEOMAR, Germany; GFZ Postdam; Earthquake Research Institute, University of Tokyo, Japan



Tough field conditions during DIAS field work on Hekla volcano, Iceland (Spet2018). The HERSK project is primarily funded by a GSI short call (PI, M Möllhoff). The company supplying the cables wrote a feature on the experiment.

Íomhá thuas: Coinníollacha dian allamuigh i rith obair allamuigh DIAS ar bholcán Hekla, An Íoslainn (MF 2018). Tá tionscadal HERSK maoinithe go príomha ag GSI short call (PI, M Möllhoff). Scríobh an chuideachta a sholáthraíonn na cáblaí alt ar an turgnamh.

### OTHER Miscellaneous international engagements; panel members etc ...

#### Meeting organisations:

- ▶ Sergei Lebedev was a co-convenor of the session "What lies beneath? Seismic tomography from crust to core" at the European Geosciences Union (EGU) General Assembly in Vienna, Austria, 9th-13th April 2018.
- ▶ Chris Bean was a co-convenor of the session "Ambient seismic noise techniques: sources, monitoring, and imaging" at the European Geosciences Union (EGU) General Assembly in Vienna, Austria, 9th-13th April 2018.
- ▶ V. Rath was a co-convenor of the session "Geophysical Imaging of Volcanoes" and was the chair of the oral session of EM/ Muon Imaging at the European Geosciences Union (EGU) General Assembly in Vienna, Austria, 9th-13th April 2018.
- ▶ Sergei Lebedev was a co-convenor of 3 sessions at the European Seismological Commission in Malta, September 2018.
- ▶ Chris Bean was a co-convenor of a session at the European Seismological Commission in Malta, September 2018.
- ▶ Chris Bean was a co-convenor of a session at the Cities on Volcanoes meeting in Naples, September 2018.
- ▶ DIAS research Forum held on (Clare Horan), May 11th 2018.

## Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

- ▶ Tá comhoibriú nua idirnáisiúnta ag Sergei Lebedev idir MIT (SAM), China University of Technology (Hefei) agus DIAS: Tomagrafaíocht seismeach réigiúnach agus dhomhanda ag baint úsáid as comh-inbheartú d'amanna taistil tonnchoirp agus treoluasanna céime tonn-dromchla.
- ▶ Taighde comhoibritheach nua idir Technical University of Freiberg (TBUF), DIAS agus GSI arna thosú ag Duygu Kiyan. Cinnfear airíonna leictreacha carraigeacha ó chroí-stór GSI lena gcur i gcomparáid le breithnithe allamuigh DIAS.
- ▶ D'fheidhmigh Sergei Lebedev mar Scrúdaitheoir Seachtrach ar thráchtas PhD Islam Fadel, University of Twente, an Ísiltír.
- ▶ Sergei Lebedev: Deimhníodh é i gcomhair téarma nua trí bliana mar Eagarthóir Comhlach na Geocheimice, Geofisice, Geochóras (G-ciúbaithe).
- ▶ Óstáilann DIAS an tlonad Sonraí Náisiúnta CTBTO, le Tom Blake mar ionadaí DIAS.
- ▶ D'fhreastail Tom Blake ar an Citizen Science Meeting i Londain chun plé a dhéanamh ar bhrathadóirí nua do scoileanna agus ar bhogearraí nua.
- ▶ Javier Fulla: Obair mar mheasúnóir do thionscadail arna sheoladh isteach chuig an líonra náisiúnta sár-ríomhaireachta Spáinneach.
- ▶ Ceapadh Chris Bean ar phainéal comhairleach an "Multi-hazard Urban Disaster Risk Transitions Hub" de chuid UK NERC (Global Challenge Research Fund). Oibríonn an Mol ar laghdú riosca ag ceithre phríomhionad: Katmandu, Nairobi, Quito agus Iostanbúl.

- ▶ Tugadh cuireadh don Dr Martin Möllhoff mar ionadaí náisiúnta ar Ghrúpa Oibre 2 – Tomhais Seismeacha agus Geofisiciúla ar Chóras Rabhaidh Súnámaí na hEorpa. (NEAMTWS/IOC/ UNESCO)

### Cainteoirí agus Cuairteoirí chuig an Rannóg:

- ▶ *An tOllamh Martyn Unsworth* (University of Alberta, Ceanada): "Magnetotelluric studies of magmatism in the Central and Southern Andes." (Seimineár GEO), 16 Aibreán 2018.
- ▶ *Dr Andrew Schaeffer* (University of Ottawa, Canada): "Imaging the locked to slow slip zone in Cascadia: combining on-shore seismic data with OBS infrastructure to illuminate the seismic-aseismic transition." (GEO Seminar), 19 Aibreán 2018.
- ▶ *Dr Jana H. Börner* (Technical University of Freiberg, Germany): "Complex electrical conductivity of reactive systems." (GEO Seminar), 25 Aibreán 2018.
- ▶ *Mr. Amano*, DG International Atomic Energy Agency, Vienna in DIAS, 1 Bealtaine 2018.
- ▶ *Irene Merino* (Institute of Marine Sciences, Barcelona): "Stratigraphic evolution of a segmented hyper-extended rifted margin: The example of the Western Iberia Margin." (Seimineár GEO). *Irene Merino* became a long term visitor in Brian O'Reilly's group, 3 Bealtaine 2018.
- ▶ *An tOllamh Javier Almendros* (University of Granada) – cuairteoir i ngrúpa Chris Bean, arna mhaoiniú ag rialtas na Spáinne go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2018.

- ▶ *An tOll. Hans Peter Bunge agus an Dr Sara Carena* (Ollscoil Munich): cuairt 2 lá agus caint ag seimineár. Pléití ar chomhoibriú, 29-30 Bealtaine 2018.
- ▶ *Eoghan Totten* (Ollscoil Oxford) – cuairt chomhoibritheach. Baineann an comhoibriú níos mó idir grúpaí seismeoilaíochta DIAS agus Oxford le modhanna nua d'iomháu tonnchrutha seismeach, 15-19 Deireadh Fómhair 2018.
- ▶ *Andrew Schaeffer*, PhD Geofisice DIAS (2014) agus iardhochtúireacht (2015). Shlánaigh Andrew post buan ag Geological Survey of Canada/ Natural Resources Canada in Vancouver.

### Láithreoiréachtaí a thug foireann DIAS agus comhdhálacha/cruinnithe teicniúla éagsúla

**Buaicphointe:** Chuir taighdeoirí sa Rannóg Geofisice 34 póstaer/caint i láthair ag Comhthionól Ginearálta an European Geosciences Union (EGU) i Vín, an Ostair, Aibreán 2018.

Láithreoiréachtaí roghnaithe eile (seachas EGU)

- ▶ Sergei Lebedev: tugadh cuireadh dó chuig University of Munich (LMU), 30 Eanáir 2018.
- ▶ Rinne Chris Bean láithreoiréacht ag cruinniú tosaigh an tionscadail Eorpaigh EUROVOLC, in Keflavik, An Íoslainn, 5-9 Feabhra 2018.
- ▶ Sergei Lebedev: tugadh cuireadh dó chuig University of Cambridge, 14 Feabhra 2018.
- ▶ Reáchtáladh cruinniú tionscadail ar IS13/13 agus tionscadail leanúnacha iCrag le Brian O'Reilly, Manel Prada, Laura Berdi (DIAS) agus Tim Minshull (Southampton) ar an 20 Feabhra 2018.

## School Of Cosmic Physics (continued)

Panel memberships, non-conference presentation & new international engagements

- ▶ Sergei Lebedev has a new collaboration between MIT (US), China University of Technology (Hefei) and DIAS: Regional and global seismic tomography using the joint inversion of body-wave travel times and surface-wave phase velocities.
- ▶ New collaborative research between Technical University of Freiberg (TBUF), DIAS and GSI has been initiated by Duygu Kiyani. Electrical properties of rocks from the GSI core store will be determined for comparison with DIAS field observations.
- ▶ Sergei Lebedev acted as External Examiner of the PhD thesis of Islam Fadel, University of Twente, the Netherlands.
- ▶ Sergei Lebedev: Confirmed for a new 3-year term as Associate Editor of *Geochemistry, Geophysics, Geosystems* (G-cubed).
- ▶ DIAS hosts the CTBTO National Data Centre, with Tom Blake as the DIAS representative.
- ▶ Tom Blake attended Citizen Science Meeting London to discuss new sensors for schools and new software.
- ▶ Javier Fullea: Work as reviewer for projects submitted to the Spanish supercomputing national network.
- ▶ Chris Bean has been appointed to the advisory panel of the UK NERC (Global Challenge Research Fund) "Multi-hazard Urban Disaster Risk Transitions Hub". The Hub works on Risk reduction in four hotspots: Kathmandu, Nairobi, Quito and Istanbul.
- ▶ Dr Martin Möllhoff has been invited as a national representative in the Working Group 2 - Seismic & Geophysical Measurements of the European Tsunami Warning System (NEAMTWS/IOC/UNESCO)

### Speakers & Visitors to Section:

- ▶ *Prof. Martyn Unsworth* (University of Alberta, Canada): "Magnetotelluric studies of magmatism in the Central and Southern Andes." (GEO Seminar), April 16th 2018.
- ▶ *Dr Andrew Schaeffer* (University of Ottawa, Canada): "Imaging the locked to slow slip zone in Cascadia: combining on-shore seismic data with OBS infrastructure to illuminate the seismic-aseismic transition." (GEO Seminar), April 19th 2018.
- ▶ *Dr Jana H. Börner* (Technical University of Freiberg, Germany): "Complex electrical conductivity of reactive systems." (GEO Seminar), April 25th 2018.
- ▶ *Mr. Amano*, DG International Atomic Energy Agency, Vienna in DIAS, May 1st 2018.
- ▶ *Irene Merino* (Institute of Marine Sciences, Barcelona): "Stratigraphic evolution of a segmented hyper-extended rifted margin: The example of the Western Iberia Margin." (GEO Seminar). *Irene Merino* became a long term visitor in Brian O'Reilly's group, May 3rd 2018.
- ▶ *Prof Javier Almendros* (University of Granada) – visitor in Chris Bean's group, funded by Spanish government until end-June 2018.

- ▶ *Prof Hans Peter Bunge and Dr Sara Carena* (University of Munich): 2-day visit and seminar talk. Discussions on collaboration, 29th-30th May 2018.
- ▶ *Eoghan Totten* (Oxford University) – collaborative visit. The growing collaboration between the DIAS and Oxford seismology groups is on new methods of seismic waveform imaging, 15th-19th October 2018.
- ▶ *Andrew Schaeffer*, DIAS Geophysics PhD (2014) and postdoc (2015). Andrew has also secured a permanent position at the Geological Survey of Canada/Natural Resources Canada in Vancouver.

### Presentations given by DIAS staff and various conferences/technical meetings

**Highlight:** Geophysics Section researchers presented 34 posters/talks at the European Geosciences Union (EGU) General Assembly, Vienna Austria, April 2018.

Selected other presentations (excluding EGU)

- ▶ Sergei Lebedev: invited seminar at the University of Munich (LMU), January 30th 2018.
- ▶ Chris Bean presented at the kick-off meeting of the European project EUROVOLC, in Keflavik, Iceland, 5th-9th February 2018.
- ▶ Sergei Lebedev: invited seminar at the University of Cambridge, February 14th 2018.

## Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

- ▶ Tugadh cuireadh do Manel Prada chuig an Marine Science Institute (Barcelona) áit ar thug sé láithreoireacht agus ar réachtáil sé pléití le comhoibrithe i rith na dara seachtaine i mí Feabhra 2018.
- ▶ Rinne Laura Berdi láithreoireacht ag seimineár am lóin ag UCD maidir lena cuid oibre PhD. Teideal: "The sedimentary architecture of the Hatton Basin from new 2D seismic reflection and gravity data", Feabhra 2018.
- ▶ Javier Fulla: Cruinniú 3D Earth, An Ísiltír. 12-16 Feabhra 2018 – D'fhreastail Mattia Guerri ar an 14ú Advanced School on Parallel computing School ag CINECA (Ionad náisiúnta sár-ríomhaireachta na hIodáile, Bologna).
- ▶ Cur i láthair Chris Bean le foireann Met Éireann. Teideal: "Ocean wave-state information and Atlantic storm tracking, using seismic ground vibrations", 22 Feabhra 2018.
- ▶ D'fhreastail Manel Prada ar an gcomhdháil dhá lá AAPG (American Association of Petroleum Geologists) ag ar thug sé láithreoireacht agus ar réachtáil sé pléití le comhoibrithe. Granada, An Spáinn, Márta 2018.
- ▶ Tom Blake Vienna. Grúpa Oibre Teicniúil B CTBTO, Vín, An Ostair, Márta 2018.
- ▶ Rinne Mather, B; Fulla, J. láithreoireacht ag ceardlann TACTical, Hobart, An Tasmáin. Teideal: "Uncertainty reduction of geothermal heat flux from assimilating seismic tomography and depth to Curie temperature", 21-23 Márta 2018.
- ▶ Tom Blake. "Seismology in Schools presentation to Directors of Teacher Training Education centres at their annual conference, Aibreán 2018.
- ▶ Tectonics, Exhumation and Landscape Evolution of the North Atlantic Margins: what are we missing? Ceardlann: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, 26-27 Aibreán 2018.
- ▶ Thug Raffaele Bonadio, Nicolas Celli, Sergei Lebedev agus Francois Lavoue ceithre chur i láthair (trí chaint agus póstaer amháin); thug Manel Prada, Brian O'Reilly agus Laura Berdi láithreoireacht amháin.
- ▶ Thug Chris Bean láithreoireacht "An overview of geophysics academic research in Ireland" ag an gcéad chruinniú den Chraobh Éireannach de EAGE (European Association of Geoscientists and Engineers), Baile Átha Cliath, 2 Bealtaine 2018.
- ▶ Munich, An Ghearmáin. Láithreoireacht ag seimineár am lóin in Ludwig Maximilian University of Munich. "Large-scale magnetic modelling in spherical coordinates" (Eldar Baykiev), Bealtaine 2018.
- ▶ Bhuail Manel Prada, Brian O'Reilly agus Laura Berdi le comhoibrithe Cheanada agus comhthaigneoirí iCRAG i rith na ceardlainne dhá lá a réachtáladh in UCD. Tugadh láithreoireachtaí ó bhéal agus póstaer ar théamaí taighde forluiteacha, Bealtaine 2018.
- ▶ Campanyà, J., Gallagher P., Kiyán, D., Blake, S., Hogg, C., Scanlon, R., Jackson, D., Gibbs, M., Reay, D., Fulla, J. and Rath, V. SWEMDI Space Weather Electromagnetic Database for Ireland. Cur i láthair póstaer ag Cruinniú Geo-eolaíochta Bhaile Átha Cliath, Éire, 6 Samhain 2018.
- ▶ Colin H., Kiyán, D., Rath, V., Junge, A., Carmo, R., Vivieros, F., Marques, R. agus foireann Fogo. *Three-dimensional electrical conductivity characterisation of Furnas and Fogo Volcanoes, São Miguel Island (Azores archipelago, Portugal)*, by magnetotelluric data. Cur i láthair póstaer ag 62ú IGRM, UCD, Baile Átha Cliath, Éire, Márta 1-3 2019.
- ▶ Grannell, J., Möllhoff, M., Craig, D., Bean, C.J. (2019), *Enhancing the Operational Capacity of the Irish National Seismic Network*. Cur i láthair póstaer ag 62ú IGRM, UCD, Baile Átha Cliath, Éire, Márta 1-3 2019.
- ▶ Möllhoff, M., C.J. Bean, K.S. Vogfjörd, B.H. Bergsson, H. Buxel, V. Kjartansson, B. Bergsson (2018), *HERSK, the first real-time seismic network on Hekla volcano in Iceland*, Geoscience 2018 - Meeting the Challenges, 6th. Cur i láthair póstaer.
- ▶ Kiyán, D., Campanyà, J., Fulla, J., Hogg, C., Blake, S.P., Rath, V., Gallagher, P., and Scanlon, R. Electrical conductivity distribution of the lithosphere in Ireland revealed by magnetotelluric imaging. Glacadh le cur i láthair póstaer ag AGU, Washington DC, SAM, 12 Nollaig 2018.
- ▶ Le Pape, F., Craig, D. and Bean, C. *The role of the continental shelf on ocean induced seismic surface waves generated offshore Ireland*. Cur i láthair póstaer ag 62ú IGRM, UCD, Baile Átha Cliath, Éire, Márta 1-3 2019.
- ▶ Le Pape, F., Craig, D. agus Bean, C. *Differentiating ocean induced seismic surface waves generated offshore Ireland*. Cur i láthair póstaer ag comhdháil Atlantic Ireland, Baile Átha Cliath 30-31 Deireadh Fómhair 2018.

## School Of Cosmic Physics (continued)

- ▶ A project meeting on IS13/13 and ongoing iCrag projects was held with Brian O'Reilly, Manel Prada, Laura Berdi (all DIAS) and Tim Minshull (Southampton) in attendance, February 20th 2018.
- ▶ Manel Prada was invited to Marine Science Institute (Barcelona) where he gave a presentation and held discussions with collaborators during the second week in February 2018.
- ▶ Laura Berdi presented a lunchtime seminar at UCD on her PhD work. Title: "The sedimentary architecture of the Hatton Basin from new 2D seismic reflection and gravity data", February 2018.
- ▶ Javier Fulla: 3D Earth meeting, ESA, Netherlands. 12th–16th February 2018 – Mattia Guerri attended the 14th Advanced School on Parallel computing School at CINECA (Italian national super-computing centre, Bologna).
- ▶ Chris Bean presentation to staff at Met Eireann. Title: "Ocean wave-state information and Atlantic storm tracking, using seismic ground vibrations", February 22nd 2018.
- ▶ Manel Prada attended a two day AAPG (American Association of Petroleum Geologists) conference where he gave a presentation and held discussions with collaborators. Granada, Spain, March 2018.
- ▶ Tom Blake Vienna. CTBTO Technical Working Group B. Vienna, Austria, March 2018.
- ▶ Mather, B; Fulla, J. presented at the TACTical workshop, Hobart, Tasmania. Title: "Uncertainty reduction of geothermal heat flux from assimilating seismic tomography and depth to Curie temperature", March 21st-23rd 2018.
